NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Cur i bhfeidhm an churaclaim:

Treoir d'ullmhúchán múinteoirí san Fholláine



Clár an Ábhair

Réamhrá	2
Ullmhúchán múinteoirí a nascadh le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile	3
Sonraíocht na *Folláine*	4
Príomhinniúlachtaí, Torthaí Foghlama, Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama	6
Foghlaim agus teagasc na Folláine	13
Am a eagrú	25
Comhtháthú	27
Intleacht Shaorga agus ullmhúchán múinteoirí	35
Tuismitheoirí agus teaghlaigh	36
Aoichainteoirí agus éascaitheoirí seachtracha	38
Cleachtas sábháilte san Fholláine	41
Acmhainní	44
Cláir	46
Gluais	47

Réamhrá

Bíonn cur i bhfeidhm rathúil shonraíocht na *Folláine* ag brath ar ullmhúchán éifeachtach don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú ag múinteoirí agus scoileanna. Baineann sé sin leis an méid atá leagtha síos sa tsonraíocht a thabhairt chun beatha agus é a leabú in Eispéiris Foghlama páistí a léiríonn fís an churaclaim. Is éard atá i gceist leis seo ná rannpháirtíocht fhiúntach leis an tsonraíocht agus leis na tacaíochtaí a ghabhann léi, chomh maith le forbairt pleananna curaclaim na scoile uile agus cuir chuige chomhaontaithe na scoile uile chun a chinntiú go gcuirtear Eispéiris Foghlama ar ardchaighdeán ar fáil do gach páiste.

Cuireann an treoir seo tacaíocht phraiticiúil, inrochtana ar fáil chun Eispéiris Foghlama spraiúla, tharraingteacha a dhearadh de réir Chreatchuraclam na Bunscoile agus sonraíocht na *Folláine*. Cuireann ullmhúchán éifeachtach múinteoirí don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú ar a gcumas cinntí diongbháilte eolasacha a dhéanamh agus iad ag obair leis an tsonraíocht.

Tá cumas gníomhúcháin múinteoirí lárnach don phróiseas seo. Léiríonn múinteoirí cumas gníomhúcháin trí chinntí gairmiúla a dhéanamh bunaithe ar spéiseanna, ar fhiosracht agus ar réamhfhoghlaim na bpáistí, agus ar an gcuraclam agus ar chuir chuige na scoile uile. Tacaíonn na deiseanna do chumas gníomhúcháin atá ar fáil do mhúinteoirí le hullmhúchán le haghaidh Eispéiris Foghlama atá freagrúil do chomhthéacs uathúil a scoile. Tá sé tábhachtach cumas gníomhúcháin páistí a aithint agus a chothú mar a gcumas gníomhú ar a gcuid foghlama laistigh den Fholláine, páirt a ghlacadh inti agus roghanna a dhéanamh fúithi. Ar fud na treorach seo tugtar leideanna, moltaí agus ábhair mhachnaimh a chuireann béim ar chumas gníomhúcháin páistí agus múinteoirí araon mar chuid lárnach d'ullmhúchán éifeachtach.

Cuireann an treoir seo bonn ar fáil d'ullmhúchán scoileanna agus múinteoirí le sonraíocht na *Folláine*. Comhlánaíonn an treoir seo na hábhair seo a leanas:

- *Pleanáil Curaclaim Scoile Uile: Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*
- *Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht: Treoir Nuashonraithe do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*
- *Treoir Mheasúnaithe do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* atá nuashonraithe
- Ábhair thacaíochta a bhaineann leis an oideolaíocht agus leis an ionchuimsiú.

Chun rochtain a fháil ar na hábhair seo téigh chuig Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar **www.curriculumonline.ie**.

Ullmhúchán múinteoirí a nascadh le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile

Ní tharlaíonn ullmhúchán múinteoirí aonair as féin. Tá sé múnlaithe ag sonraíocht na *Folláine*, ag Pleanáil chomhoibríoch Churaclaim Scoile Uile, ag Féinmheastóireacht Scoile agus ag Pleanáil Gníomhaíochta. Oibríonn siad seo go léir le chéile chun foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach a threorú.

Tá Pleanáil Churaclaim Scoile Uile thar a bheith tábhachtach. Cuidíonn sé le scoileanna teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige comhroinnte ó thaobh úsáid na sonraíochta don *Folláine*. Áirítear leis seo seicheamhú i bhfoghlaim páistí trasna Céimeanna 1–4, agus conas a úsáidtear na Torthaí Foghlama, na Gnéithe, na Cuir Chuige Oideolaíochta agus an Treoir Mheasúnaithe.

Tríd an bpróiseas atá leagtha amach in *Pleanáil Curaclaim Scoile Uile: Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta* a leanúint, ba chóir go bhforbrófaí Plean Curaclaim Scoile Uile don Fholláine go rathúil. Leis an bplean, ba chóir go leagfaí amach na cineálacha cur chuige comhaontaithe atá riachtanach do mhúinteoirí i gcomhthéacs scoile ar leith agus iad ag obair le caibidlí 5 agus 6.

Feidhmíonn an Plean Curaclaim Scoile Uile mar threoir d'ullmhúchán múinteoirí aonair. Ba chóir do mhúinteoirí a n-ullmhúchán a ailíniú leis an tsonraíocht agus le plean comhaontaithe na scoile araon. Cuidíonn sé seo le comhsheasmhacht a chinntiú idir Phleanáil Curaclaim Scoile Uile agus chleachtas sa seomra ranga.

Laistigh den treoir seo, tugtar leideanna a d'fhéadfadh cabhrú le scoileanna nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh acu ar Phleanáil Curaclaim Scoile Uile. Ní liosta uileghabhálach é seo agus is féidir le scoileanna iad a oiriúnú nó cur leo ag brath ar a gcomhthéacs féin.

Sonraíocht na *Folláine*

Leis na snáitheanna, cuirtear struchtúr praiticiúil ar fáil chun tacú leis an ullmhúchán don fhoghlaim, teagasc agus measúnú. Tá gach snáithe tábhachtach, agus ba cheart do mhúinteoirí gach snáithe san Fholláine a chur san áireamh agus iad ag ullmhú i rith na bliana.

Sa chleachtas, is minic a aistríonn foghlaim, teagasc agus measúnú go saoráideach ar fud na snáitheanna, agus is féidir go dtarlóidh forluí nádúrtha. D'fhéadfadh go roghnódh múinteoirí tosú le haon cheann de na snáitheanna ina n-ullmhúchán.

Eagraítear an tsonraíocht i gceithre shnáithe idirnasctha agus idirghaolmhara agus, le chéile, tacaíonn siad le folláine iomlánaíoch:



Fíor 1: Snáitheanna, Snáithaonaid agus Gnéithe shonraíocht na *Folláine*

Mar chuid den Fholláine, cumhachtaítear múinteoirí chun cinntí eolasacha gairmiúla a dhéanamh mar fhreagra ar na páistí ina gcomhthéacs uathúil, agus Eispéiris Foghlama a chur in oiriúint mar fhreagra ar dheiseanna foghlama nach rabhthar ag súil leo nó atá ag teacht chun cinn.

Is féidir go bpléifeadh an fhoghlaim snáithe amháin nó níos mó san aon am amháin. Sa chleachtas, is féidir go mbogfadh an fhoghlaim gan srian thar shnáitheanna agus/nó snáithaonaid agus na Torthaí Foghlama a bhaineann leo laistigh d'aon Eispéireas Foghlama amháin nó thar shraith Eispéiris Foghlama. Mar shampla, nuair a oibríonn páistí i dtreo réimse straitéisí réitigh fadhbanna a fhorbairt (*Straitéisí gluaiseachta*) trí réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais, is féidir go ndéanfaidís machnamh ar a n-eispéiris ghluaiseachta (*Gluaiseacht agus mé féin*) agus iad ag forbairt muiníne ar feadh an ama chun coinneáil orthu le dúshláin chuí (*Teacht aniar*). Is amhlaidh go bhforbraítear foghlaim go minic san aon am amháin laistigh d'Eispéireas Foghlama amháin nó thar seicheamh d'Eispéiris Foghlama, rud a thacaíonn le cur chuige iomlánaíoch i leith na Folláine.

Tá an dóigh a bhfoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna leis an méid a fhoghlaimíonn siad. Tugtar forléargas i bhFíor 1 ar shnáitheanna, snáithaonaid agus gnéithe shonraíocht na *Folláine*. Eagraítear foghlaim le snáitheanna agus le snáithaonaid, ach déantar cur síos le gnéithe ar na próisis a dtéann páistí ina mbun de réir mar a fhoghlaimíonn siad i sonraíocht na *Folláine*. Tacaíonn na gnéithe sin lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí.

Seo a leanas na ceithre ghné i sonraíocht na *Folláine*:

- Cumarsáid
- Fiosrú agus cur i bhfeidhm
- Gluaiseacht
- Machnamh agus tuiscint

Agus páistí ag obair i dtreo Torthaí Foghlama ar fud na snáitheanna agus na snáithaonad, tá sé riachtanach deiseanna a thabhairt do pháistí chun dul i ngleic leis na gnéithe de shonraíocht na *Folláine*. Is dóchúil go rachaidh na páistí i ngleic le níos mó ná gné amháin ag an am. Sa chleachtas, téann na páistí i ngleic leis na gnéithe ar bhealaí idirnasctha, mar shampla, beidh deiseanna ag páiste páirt a ghlacadh sa Treodóireacht san Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta (Gluaiseacht) agus labhairt faoin mbealach a d'oibrigh siad as lámha a chéile (Machnamh agus tuiscint).

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- fairsinge, cothromaíocht agus rannpháirtíocht ionchuimsitheach a chinntiú do na páistí uile ar fud na gcéimeanna uile
- úsáid a bhaint as na Gnéithe mar threoir maidir le 'conas' a fhoghlaimíonn páistí.

Príomhinniúlachtaí, Torthaí Foghlama, Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama

Príomhinniúlachtaí

Tá na príomhinniúlachtaí lárnach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí agus ní mór aird leanúnach a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, tá siad leabaithe sna Torthaí Foghlama uilig i gCaibidil 5. Agus iad ag ullmhú don Fholláine, tá sé riachtanach go gcuireann múinteoirí deiseanna ar fáil do pháistí forbairt mar fhoghlaimeoirí gníomhacha, cumarsáidithe agus úsáideoirí teanga, smaointeoirí cruthaitheacha, foghlaimeoirí matamaiticiúla, foghlaimeoirí digiteacha agus saoránaigh ghníomhacha agus a dtuiscint ar a bheith slán á forbairt acu ag an am céanna. Teastaíonn intinniúlacht chuige seo agus dá bhrí sin, ba cheart do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na príomhinniúlachtaí, lena n-áirítear a dtréithe, á mbaint amach tríd an gcuraclam.

Fíor 2: Príomhinniúlachtaí

Mar a leagtar amach thíos, déanann na Torthaí Foghlama an t-ullmhúchán a fhréamhú; soiléirítear le Fóca(i)s Foghlama an chéad rud eile a fhoghlaimeoidh na páistí; agus cuireann na hEispéiris Foghlama deiseanna spraíúla agus tarraingteacha ar fáil do gach páiste.

Torthaí Foghlama

Agus múinteoir ag ullmhú don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú, ba cheart go mbeadh gach cinneadh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Cur amach ar na páistí agus a gcuid réamhfhoghlama, láidreachtaí, cumais, spéiseanna agus riachtanas
- Cur amach ar an gcuraclam, lena n-áirítear a fhís, a phrionsabail, a phríomhinniúlachtaí agus Torthaí Foghlama sna sonraíochtaí
- Cur amach ar oideolaíocht agus ar mheasúnú, lena n-áirítear cuir chuige a bhfuil cur síos orthu laistigh de na sonraíochtaí

Tá na próisis foghlama, teagaisc agus measúnaithe ilghnéitheach, sreabhach agus dinimiciúil; agus ag an am céanna comhlánaíonn siad a chéile. Mar aitheantas air seo, is iad na 'Pointí Iontrála' an áit a dtosaíonn múinteoir ag ullmhú le bheith ag obair leis na Torthaí Foghlama. Is iomaí pointe iontrála a d'fhéadfadh a bheith ann agus ullmhúchán á dhéanamh don fhoghlaim agus don teagasc, lena n-áirítear pointí iontrála d'fhoghlaimeoirí, pointí iontrála curaclaim agus pointí iontrála comhthéacsúla. Is samplaí iad na pointí iontrála, ní seicliosta atá i gceist leo.

Beag beann ar an bpointe iontrála, déanann Torthaí Foghlama roghnaithe, chomh maith le cur amach ar an gcuraclam, an t-ullmhúchán a fhréamhú agus cinntíonn sé ailíniú leis an gcuraclam.

- **Pointí iontrála d'fhoghlaimeoirí**
  - Ceisteanna, smaointe, breathnuithe agus línte fiosrúcháin páistí
  - Téama nó topaic atá nasctha le spéiseanna páistí agus lena réamhfhoghlaim
  - Riachtanais shainaitheanta, réimsí le haghaidh forbartha nó láidreachtaí san fhoghlaim aitheanta ag faisnéis mheasúnaithe

- **Pointí iontrála curaclaim**
  - Torthaí Foghlama na sonraíochtaí
  - Príomhinniúlachtaí an churaclaim

- **Pointí iontrála comhthéacsúla**
  - Imeacht áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta nó saincheist thráthúil
  - Eispéireas Foghlama tarraingteach a thugann múinteoir faoi deara nó a roinneann múinteoir eile nó trí fhoghlaim ghairmiúil
  - Deiseanna teagaisc spontáineacha (m.sh., féile/ceiliúradh áitiúil, easaontas sa chlós)

Fíor 3: Ullmhúchán an mhúinteora

Tacaíonn Torthaí Foghlama le hullmhúchán a chuireann ar chumas gach páiste foghlaim agus forbairt. Den chuid is mó, déantar cur síos iontu ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbítear ag súil leo do pháistí tar éis gach céime (tréimhse dhá bhliain). Téann roinnt Torthaí Foghlama laistigh i sonraíocht na *Folláine* thar dhá chéim. Tá na Torthaí Foghlama deartha le bheith leathan agus solúbtha chun tacú le dul chun cinn san fhoghlaim do gach páiste. Tá ról lárnach ag measúnú leanúnach ar ardchaighdeán chun cumais, láidreachtaí, riachtanais agus na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim gach páiste a aithint. Cinntítear tríd seo go mbíonn cinntí faoi na Torthaí Foghlama is oiriúnaí freagrúil, bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar thacú le dul chun cinn bríoch. Táthar ag súil go n-oibreoidh páistí i dtreo na dTorthaí Foghlama go léir dá gcéim. Mar sin féin, i gcás roinnt páistí, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach, i réimsí agus ábhair áirithe sa churaclam, oibriú i dtreo Torthaí Foghlama nó gnéithe de Thorthaí Foghlama ó chéim dhifriúil. Ba cheart na cinntí seo a bheith bunaithe ar chur amach ar na páistí arna dtreorú ag faisnéis mheasúnaithe agus go ndéanfaí athbhreithniú rialta orthu. Ba cheart bearta níos fadtéarmaí, i gcás ina leanann páiste de bheith ag obair i dtreo Torthaí Foghlama ó chéim eile ar feadh tréimhse níos faide ama, a dhéanamh i gcomhairle leis an múinteoir oideachais speisialta (más infheidhme). Ba cheart bonn láidir fianaise a bheith ann chun tacú leis sin, ba cheart é a léiriú i *bPlean Tacaíochta Dalta* (PTD) an pháiste i gcomhairle le tuismitheoirí agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air go rialta.

Chun tacú le comhleanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim agus chun athdhéanamh gan ghá nó bearnaí i ndeiseanna foghlama a sheachaint, ba cheart do scoileanna breithniú a dhéanamh ar sheicheamhú na foghlama ar fud gach céime trí phleanáil scoile uile agus trí chomhoibriú leanúnach idir múinteoirí. Déanfaidh páistí dul chun cinn ag rátaí éagsúla. Cuimsíonn an dul chun cinn tréimhsí nua foghlama, cleachtaidh agus daingnithe agus mar sin b'fhéidir nach mbeadh gá aghaidh a thabhairt ar gach Toradh Foghlama nó ar gach ghné de Thoradh Foghlama gach bliain, Is é an rud atá tábhachtach go n-ullmhaítear do na Torthaí Foghlama go hintinneach, go ndéantar athbhreithniú orthu de réir mar is iomchuí, agus go n-úsáidtear iad, thar an gcéim dhá bhliain, chun tacú le dul chun cinn páistí i dtreo na foghlama a bhfuiltear ag súil léi. I ngach comhthéacs, is é an aidhm ná a chinntiú go ndéanann gach páiste dul chun cinn tairbheach ina gcuid foghlama agus go dtacaítear leo oibriú i dtreo Thorthaí Foghlama an churaclaim.

An tionchar a bheidh aige sin ar an bPleanáil Curaclaim Scoile Uile do shonraíocht na *Folláine*

Ba cheart go léireodh an fhoghlaim dul i ngleic fairsing agus cothrom le gach snáithe i ngach bliain agus le gach snáithaonad i ngach céim. Tacaíonn an tsonraíocht seo le páistí agus iad ag filleadh ar a dtuiscint ar eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna, agus á neartú, de réir mar a théann siad ar aghaidh trí na céimeanna. Is féidir gnéithe áirithe de na Torthaí Foghlama a bhaint amach i dtréimhsí níos faide nó níos giorra. Mar shampla, seans go dtógfaidh sé níos faide scil 'buanseasmhachta' a fhorbairt ná an cumas 'baill den chorp a ainmniú agus téarmaí anatamaíocha á n-úsáid'. Le formhór na dTorthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine*, cuirtear i láthair an fhoghlaim agus an fhorbairt bheartaithe i ndeireadh gach céime. Baineann Torthaí Foghlama áirithe le dhá chéim nó níos mó. Mar shampla, baineann Torthaí Foghlama áirithe sa snáithaonad *Gluaiseacht agus mé féin* le ceithre chéim na sonraíochta, lena dtacaítear le páistí muinín agus inniúlacht a fhorbairt le himeacht aimsire. I gcás go mbaineann Torthaí Foghlama le céimeanna éagsúla, ba cheart do mhúinteoirí Eispéiris Foghlama iomchuí a chur in oiriúint do gach céim.

Ag brath ar riachtanais nó ar shaincheisteanna laistigh den rang (m.sh. dinimicí cairdis), is féidir go mbeidh níos mó ama ag teastáil do shnáitheanna nó do shnáithaonaid áirithe. Féadfaidh múinteoirí:

- a roghnú cé na gnéithe de na hEispéiris Foghlama ar mhaith leo tús áite a thabhairt dóibh
- Eispéiris Foghlama thairbheacha a dhearadh a fhreagraíonn do cé chomh hullamh is atá na páistí agus dá gcomhthéacs foghlama.

Chun tacú le dul chun cinn tairbheach, ba cheart Eispéiris Foghlama a chur i seicheamh go feasach agus tógáil orthu de réir a chéile.

Mar aon le faisnéis mheasúnaithe, d'fhéadfadh breithniú ar úsáid Conairí Tacaíochta Breise (CTBanna) i gcaibidil 6 cabhrú le múinteoir pointí iontrála iomchuí agus tairbheacha a shainaithint chun tacú le foghlaim páistí agus chun Eispéiris Foghlama ionchuimsitheacha a chruthú do gach páiste. Is uirlis iad CTBanna atá deartha chun tacú le foghlaim saincheaptha aonair do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugtar breac-chuntas iontu ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh páistí dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama nó dul chun cinn ina dtreo a léiriú.

Fóca(i)s Foghlama

Agus iad ag obair leis na Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine*, ba cheart do mhúinteoir Fóca(i)s Foghlama atá soiléir a shainaithint lena n-áirítear an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus/nó na luachanna a fhoghlaimeoidh nó a fhorbróidh na páistí ina dhiaidh sin. Agus leas á bhaint acu as a gcur amach ar na páistí agus a réamhfhoghlaim go dtí seo, mar aon lena gcur amach ar an gcuraclam agus a gcur amach ar an oideolaíocht agus ar an measúnú, sainaithníonn múinteoirí an fóca(i)s is oiriúnaí.

D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná Fócas Foghlama amháin laistigh d'Eispéireas Foghlama. D'fhéadfadh foghlaim nua, daingniú na réamhfhoghlama, nó an dá rud, a bheith i gceist le Fóca(i)s Foghlama. Agus Fóca(i)s Foghlama á shainaithint, féadfar Toradh Foghlama amháin nó gnéithe de níos mó ná Toradh Foghlama amháin a roghnú ó laistigh de shonraíochtaí agus ar fud sonraíochtaí, rud a éascóidh comhtháthú nuair is tairbheach agus is cuí. In ullmhúchán gearrthéarmach múinteora, féadfaidh siad Fóca(i)s Foghlama a thaifeadadh ina bhfocail féin, ag cinntiú go dtarraingítear é ón Toradh/ó na Torthaí Foghlama ábhartha. Ba cheart go gcuirfeadh an measúnú deiseanna ar fáil do pháistí machnamh bríoch a dhéanamh agus a gcuid foghlama a léiriú ar bhealaí atá ailínithe leis na Fóca(i)s Foghlama.

Is iad na múinteoirí is fearr atá in ann, mar gheall ar an gcur amach atá acu ar na páistí ina gcomhthéacs saincheaptha, Fóca(i)s Foghlama a shainaithint a thacaíonn le páistí oibriú i dtreo na dTorthaí Foghlama.

Agus iad ag sainaithint Fhóca(i)s Foghlama, cuimhníonn múinteoirí ar:

- Na páistí agus a gcuid réamhfhoghlama (an méid atá ar eolas acu, an méid a thuigeann siad nó an méid is féidir leo a dhéanamh anois) mar a shainaithnítear trí fhaisnéis mheasúnaithe
- Na chéad chéimeanna eile sa dul chun cinn (mar shampla, mar a léirítear sna tacaíochtaí le haghaidh dul chun cinn sa Tacar Uirlisí).

Eispéiris Foghlama

Nuair a shainaithníonn múinteoir Fóca(i)s Foghlama, ba cheart go gcuirfeadh raon Eispéireas Foghlama atá spraíúil agus tarraingteach mar is cuí beocht san fhócas. Cuimsíonn na heispéiris seo an méid a dhéanfaidh na páistí, an méid a mbeidh siad páirteach ann, an t-eispéireas a bheidh acu, an méid a chruthóidh siad, srl., agus iad ag obair i dtreo Fhóca(i)s Foghlama. Trína gcur amach ar na páistí, ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht, déanann múinteoirí ullmhúchán do na hEispéiris Foghlama.

Agus iad ag ullmhú do na hEispéiris Foghlama, tá sé tábhachtach:

- Go n-aithníonn siad réamhfhoghlaim, cumais, spéiseanna agus riachtanais na bpáistí
- Go dtacaíonn siad le hionchuimsiú agus le foghlaim bhríoch
- Go saibhrítear iad leis na cuir chuige oideolaíochta i sonraíocht na Folláine
- Go gcuireann siad deiseanna bríocha agus tarraingteacha ar fáil do na páistí ar fad chun freagairt go gníomhach dá gcuid foghlama, chun í a léiriú, chun cur léi, chun í a thaifeadadh agus chun í a chur i bhfeidhm.

Cé go bhfuil ról ar leith ag Torthaí Foghlama, Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama in ullmhúchán múinteoirí, tá siad idirnasctha ionas go mbeidh cuspóir le foghlaim páistí.



Fíor 4: Torthaí Foghlama, Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- cuir chuige chomhaontaithe i leith na Folláine a leagan síos agus iad ag tacú le múinteoirí chun a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid agus iad ag freagairt do riachtanais, suimeanna agus comhthéacs na bpáistí
- comhthuiscintí a fhorbairt ar an gcaoi a gcothaítear Príomhinniúlachtaí tríd an bhFolláine
- comhthuiscint a fhorbairt ar úsáid na gConairí Tacaíochta Breise chun Eispéiris Foghlama ionchuimsitheacha a chruthú san Fholláine
- faisnéis mheasúnaithe a úsáid chun tacú le leanúnachas foghlama na bpáistí de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an scoil.

Léiríonn an sampla seo a leanas conas is féidir le múinteoir ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh Fóca(i)s Foghlama agus Eispéireas Foghlama san Fholláine.

Níl san ábhar seo ach léiriúchán samplach chun ceangail a léiriú idir na Torthaí Foghlama, Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama.

Níl sé ceaptha le bheith ina shampla d'ullmhúchán taifeadta múinteora.

Céim 3 - Folláine - Pobal agus muintearas (Braistint muintearais)		
Tugann múinteoir Rang a Ceathair faoi deara go dtuigeann an rang go maith cad is ciall le muintearas a bheith acu lena rang, lena scoil agus lena bpobal níos leithne. I Rang a Trí, ghlac siad páirt i bhfoghlaim dírithe ar thuiscint ar éagsúlacht, lena n-áirítear cultúr, cumais, cúlraí agus dearcthaí, agus ar léirthuiscint don éagsúlacht sin. Tá cur amach éigin ag na páistí ar an gcaoi a gcabhraíonn gníomhartha aonair agus freagrachtaí comhroinnte le timpeallacht dhearfach agus ionchuimsitheach a chruthú, ach tugann an múinteoir faoi deara nach dtuigeann siad chomh maith céanna na straitéisí ar féidir leo a úsáid chun páistí eile a ionchuimsiú, meas a léiriú agus tacú le muintearas do chách.		
Toradh Foghlama *Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:*	**Fócas Foghlama samplach**	**Eispéiris Foghlama shamplacha**
an ról tábhachtach atá ag gach duine chun braistint muintearais a chruthú laistigh dá rang, dá scoil agus dá bpobal a aithint. Éagsúlacht a léirthuiscint agus straitéisí aonair agus comhchoiteanna araon a ghlacadh chun rannchuidiú le timpeallachtaí foghlama dearfacha agus ionchuimsitheacha. S, SG, FG	Ag forbairt agus ag cleachtadh straitéisí aonair agus grúpa a chabhraíonn le páistí daoine eile a ionchuimsiú go gníomhach agus muintearas a neartú laistigh dá rang.	(Corpoideachas): Forbraíonn páistí straitéisí do dhúshláin chomhoibritheacha agus gach ball den fhoireann páirteach iontu. m.sh. sa réimse gníomhaíochta Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta, d'fhéadfaí seo a dhéanamh trí dhúshláin foirne a dhearann an múinteoir. Sa réimse gníomhaíochta Cluichí, d'fhéadfaí go mbeidh bealaí chun oibriú le chéile mar fhoireann a aimsiú i gceist leis seo. D'fhéadfadh an múinteoir plé a stiúradh maidir le cé na straitéisí ar bhraith siad iad a bheith úsáideach agus iad ag oibriú mar fhoireann agus aon rud amháin a d'fhéadfaí a fheabhsú an chéad uair eile. (OSPS): Tosaíonn na páistí trí mhachnamh pearsanta gearr a dhéanamh agus iad ag machnamh ar am nuair a bhraith siad go raibh muintearas acu, agus noda ann chun cabhrú leo ar nós "Conas a bhraith sé sin? Cén fáth ar bhraith tú an bealach sin? Conas a chabhraigh daoine eile leis an mothúchán sin a chruthú?" Ina dhiaidh sin, glacann na páistí páirt i ngníomhaíocht timpealláin, ag comhoibriú i ngrúpaí beaga chun freagra a thabhairt ar cheisteanna ar nós "Céard a chabhraíonn le daoine braistint muintearais a bheith acu?" nó "Conas a d'fhéadfadh duine a mheas nach bhfuil siad mar pháirt den ghrúpa?", ag plé agus ag cur leis na smaointe a thaifeadtar ag gach stáisiún. Bíonn plé don rang iomlán ina dhiaidh sin ar iompar ionchuimsitheach agus conas is féidir le gníomhartha tacú le muintearas.

Tábla 1: Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama a Shainaithint

Foghlaim agus teagasc na Folláine

Na trí chomhthéacs don Fholláine

Tá trí chomhthéacs idirnasctha ina gcrainn taca faoin bhFolláine: foghlaim scoite, comhtháthú agus cultúr agus timpeallacht dhearfach sa scoil agus sa seomra ranga. Lena chéile, tacaíonn siad sin le cur chuige comhleanúnach agus iomlánaíoch i leith foghlaim agus forbairt páistí.

Leis an bhfoghlaim scoite, faightear deiseanna chun eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna tábhachtacha a fhorbairt. Leis an gcomhtháthú curaclaim, laistigh den Chorpoideachas agus OSPS i sonraíocht na *Folláine* agus i réimsí curaclaim eile, cumasaítear do pháistí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm agus a neartú i gcomhthéacsanna éagsúla. Cinntítear le cultúr agus timpeallacht dhearfach go mbraitear an Fholláine i saol laethúil na scoile. Leagtar amach sa chuid seo an fhoghlaim scoite agus cultúr agus timpeallacht dhearfach. Beidh tús leis an gcuid faoi chomhtháthú ar lch 27.



Fíor 5: Trí chomhthéacs na Folláine

Foghlaim scoite

Gach seachtain, glacann páistí páirt in Eispéiris Foghlama a bhaineann le Corpoideachas agus OSPS mar chuid dá bhfoghlaim san Fholláine. Leis na hEispéiris Foghlama sheachtainiúla sin, cuirtear teagasc scoite ar fáil i ngach ábhar, rud a chumasaíonn do pháistí an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a thacaíonn lena bhfolláine fhisiciúil, shóisialta, chaidreamhach, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt.

Bíodh is go gcuirtear Corpoideachas agus OSPS i láthair mar ábhair éagsúla ag céimeanna 3 agus 4, tá dlúthcheangal eatarthu agus tá siad comhlántach, mar a léirítear sna Torthaí Foghlama comhtháite ag céimeanna 1 agus 2. Dírítear sa Chorpoideachas ar fhoghlaim trí ghluaiseacht, agus tacaítear san OSPS le forbairt shóisialta, phearsanta agus sláinte na bpáistí. Le chéile, cuireann siad leis an bhfoghlaim 'faoi' agus 'don' fholláine.

Ullmhúchán don Fhoghlaim Scoite

Treoraítear an t-ullmhúchán d'fhoghlaim scoite san Fholláine leis na Torthaí Foghlama de shonraíocht na *Folláine*, agus pleanáiltear iad seo go hintinneach agus breathnaítear orthu arís de réir mar is cuí thar gach céim dhá bhliain. Aithníonn múinteoirí Fóca(i)s Foghlama soiléire agus dearann siad Eispéiris Foghlama atá diongbháilte, oiriúnach don staid forbartha ag a bhfuil na páistí agus in oiriúint do riachtanais na bpáistí.

Déantar foghlaim a struchtúrú thar chéim dhá bhliain, rud a fhágann gur féidir le páistí taithí a fháil ar fhoghlaim nua, filleadh ar choincheapa ríthábhachtacha agus a gcuid tuisceana a neartú le himeacht aimsire. B'fhéidir nach dtabharfar aghaidh ar gach Toradh Foghlama gach bliain; ach bítear ag súil leis mar sin féin go bpleanálfar do gach ceann le linn na céime.

Baineann múinteoirí leas as a mbreithiúnas gairmiúil chun foghlaim a chur i seicheamh, freagairt do spéiseanna na bpáistí agus ceangail thairbheacha a dhéanamh laistigh den Fholláine (idir Chorpoideachas agus OSPS) agus ar fud an churaclaim níos leithne.

Cur Chuige i leith Foghlama agus Teagaisc

Is í an fhoghlaim ghníomhach, tharraingteach agus bhríoch an fhoghlaim is éifeachtaí san Fholláine. Le cur chuige spraíúil agus eispéireasach, tacaítear le páistí páirt a ghlacadh go hiomlán, smaointe a fhiosrú agus a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ábhartha. Agus eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha á gcur ar fáil, tá sé riachtanach deiseanna a thabhairt do pháistí dul i ngleic leis na gnéithe de shonraíocht na *Folláine*: Cumarsáid, Fiosrú agus cur i bhfeidhm, Gluaiseacht agus Machnamh agus tuiscint.

I measc na gcur chuige éifeachtach, tá:

- Foghlaim ghníomhach agus eispéireasach
- Plé agus foghlaim chomhoibríoch
- Súgradh, scéalta agus cásanna
- Réiteach fadhbanna agus machnamh.

Ba cheart a chinntiú go mbraitheann na páistí go bhfuil siad sábháilte agus go dtacaítear leo, go háirithe nuair atáthar ag déileáil le topaicí íogaire. Ba cheart go mbeadh múinteoirí ag súil le ceisteanna a d'fhéadfaí a chur agus plean a dhéanamh conas freagra a thabhairt orthu ar bhealach atá in oiriúint do staid forbartha na bpáistí. Tá treoracha maidir le hullmhú do phlé íogair le fáil níos déanaí sa chuid seo. Tá tuilleadh eolais maidir le teagasc san Fholláine, lena n-áirítear oideolaíochtaí cuí, le fáil i gCaibidil 6b den sonraíocht agus i dTacar Uirlisí na Folláine.

Corpoideachas

Leis an gCorpoideachas, tacaítear le páistí inniúlacht gluaiseachta, muinín agus sásamh sa ghníomhaíocht choirp a fhorbairt, cuirtear le forbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus chognaíoch na bpáistí agus cothaítear rannpháirtíocht dhearfach i nósanna maireachtála gníomhacha agus sláintiúla.

Díriú ar Inniúlacht gluaiseachta

Laistigh de shonraíocht na *Folláine*, eagraítear an fhoghlaim sa Chorpoideachas i ceithre shnáithe, agus béim ar leith ar an *Inniúlacht gluaiseachta*.

Dírítear leis an *Inniúlacht gluaiseachta* ar a chumasú do pháistí gluaiseacht go muiníneach agus le tuiscint i réimse comhthéacsanna (m.sh. laistigh agus lasmuigh). Leagtar béim léi ar rannpháirtíocht, dul chun cinn aonair agus taitneamh, seachas ar ghnóthachtáil in aon ghníomhaíocht ar leith.

Áirítear leis an *inniúlacht Gluaiseachta*:

- ***Scileanna gluaiseachta:*** Scileanna a fhorbairt agus a bheachtú (m.sh. rith, cothromú, caitheamh)
- ***Coincheapa gluaiseachta:*** A thuiscint mar a oibríonn gluaiseacht (m.sh. feasacht coirp, feasacht ar spásúlacht, seicheamhú, caidrimh le daoine eile agus an aeráid)
- ***Straitéisí gluaiseachta:*** Dúshláin ghluaiseachta a réiteach agus teaicticí cuí a úsáid
- ***Gluaiseacht agus mé féin:*** Ag machnamh ar iarracht, ar dhul chun cinn agus ar rannpháirtíocht thairbheach.

Foghlaim ar fud na sonraíochta

Dáiltear foghlaim a bhaineann leis an gCorpoideachas thar gach snáithe de shonraíocht na *Folláine*.

Mar shampla:

- *Oideachas mothúchánach agus caidreamhach* (m.sh. obair foirne, comhoibriú, feasacht mhothúchánach sa ghluaiseacht)
- *Oideachas sláinte* (m.sh. tionchair fhisiciúla gníomhaíochta a thuiscint, sábháilteacht sa ghluaisteacht)
- *Pobal agus muintearas* (m.sh. cothrom na Féinne, rannpháirtíocht, róil i bhfoirne)

Tá na snáitheanna sin idirnasctha agus is minic a fhorbraítear Torthaí Foghlama le chéile laistigh d'aon Eispéireas Foghlama nó seicheamh d'Eispéiris Foghlama amháin.

Ullmhúchán don Chorpoideachas

Glacann sonraíocht na *Folláine* le cur chuige "droim ar ais" i ndáil leis an gCorpoideachas, sa chaoi go dtosaíonn an fhoghlaim leis an Toradh Foghlama, seachas leis an ngníomhaíocht. Dá bhrí sin, ní dhírítear san ullmhúchán ar an ngníomhaíocht atá á teagasc (m.sh. Gleacaíocht) ach ar an bhfoghlaim atá á forbairt leis an ngníomhaíocht (m.sh. Scil gluaiseachta na cothromaíochta).

Tá ceithre chéim ríthábhachtacha i gceist le hullmhúchán don Chorpoideachas:

1. an Toradh Foghlama a shainaithint
2. Fóca(i)s Foghlama a leagan amach
3. réimse gníomhaíochta Corpoideachais cuí a roghnú
4. Eispéiris Foghlama tharraingteacha lán le gluaiseacht a dhearadh.

Soláthraíonn na réimsí gníomhaíochta Corpoideachais (Cluichí, Lúthchleasaíocht, Gleacaíocht, Damhsa, Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta agus Maireachtáil ghníomhach) an comhthéacs trína bhforbraítear an fhoghlaim.

Tacaítear le múinteoirí leis an gcur chuige sin:

- díriú go soiléir ar fhoghlaim gluaiseachta
- na comhthéacsanna is fearr a thacaíonn le riachtanais agus réamhfhoghlaim na bpáistí a roghnú
- filleadh ar fhoghlaim agus í a fhairsingiú i réimsí gníomhaíochta difriúla.

Ag tacú le foghlaim éifeachtach sa Chorpoideachas

Le foghlaim Corpoideachais éifeachtach:

- coinnítear fócas soiléir ar Thorthaí Foghlama
- tacaítear le dul chun cinn le himeacht aimsire
- cuirtear eispéiris ionchuimsitheacha agus tharraingteacha ar fáil
- cumasaítear do pháistí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm agus a leathnú i réimsí gníomhaíochta, timpeallachtaí (m.sh. laistigh agus lasmuigh) agus comhthéacsanna difriúla laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile.

Trí ullmhúchán intinneach agus trí theagasc freagrach, cuireann an Corpoideachas go mór le folláine agus forbairt iomlánach na bpáistí.

Réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

Fíor 6: Réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais

Áirítear seacht réimse gníomhaíochta den Chorpoideachas i sonraíocht na *Folláine*, agus cuirtear comhthéacs ar fáil leo sin chun Torthaí Foghlama a bhaint amach i ngach céim.

Ba cheart go bhfaigheadh páistí taithí ar réimse leathan agus cothromaithe réimsí gníomhaíochta i ngach céim, agus go mbeadh deiseanna acu filleadh ar fhoghlaim agus í a fhorbairt le himeacht aimsire. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun bloc amháin d'eispéireas uisceach bunaithe ar uisce a thairiscint le linn oideachas bunscoile. Is féidir aghaidh a thabhairt ar mhórán Torthaí Foghlama trí níos mó ná aon réimse gníomhaíochta Corpoideachais amháin, agus tacaítear leis sin le foghlaim a aistriú agus a neartú. Tá samplaí de scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta agus mar a bhféadfaí iad a nascadh le réimsí gníomhaíochta Corpoideachais le fáil in Aguisín A den sonraíocht ar lgh 60–63.

Úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil chun réimsí gníomhaíochta Corpoideachais a roghnú bunaithe orthu seo a leanas:

- an Toradh/na Torthaí Foghlama lena bhfuiltear ag súil
- riachtanais agus eispéiris roimhe seo na bpáistí
- eispéireas cothromaithe ar fud réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais
- am, spás, saoirse, rogha agus acmhainní atá ar fáil.

Snáithe:	Inniúlacht gluaiseachta
Snáithaonad:	Scileanna gluaiseachta
Céim:	4
Toradh Foghlama:	*Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* réimse scileanna gluaiseachta luaile a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs, amhail a bheith ag siúl, ag seachaint, gluaisteacht ar rothaí, ag hapáil, ag rith, ag scipeáil, ag léim agus ag tabhairt céim leataoibh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M
Fócas Foghlama:	Díreoidh na páistí ar an scil luaile léime a fhorbairt.
Réimsí gníomhaíochta Corpoideachais a roghnú:	I ndiaidh an fhócais foghlama agus na heispéiris a bhí ag páistí ar réimsí gníomhaíochta a mheas, bhraith an múinteoir ranga gurb í an *Lúthchleasaíocht* an réimse gníomhaíochta is fearr chun comhthéacs a thabhairt don fhoghlaim seo.

Tábla 2: Sampla de réimse gníomhaíochta Corpoideachais a roghnú

Na ceisteanna is tábhachtaí a mheas do chleachtas sa Chorpoideachas

Agus iad ag ullmhú don Chorpoideachas agus á teagasc, moltar do mhúinteoirí an méid seo a leanas a mheas:

- **Rannpháirteachas:** Tabhair tús áite d'eispéiris lena dtacaítear le rannpháirtíocht agus gaisce
- **Rannpháirtíocht uasta:** Déan cinnte de go bhfuil na páistí ar fad páirteach sa ghníomhaíocht agus laghdaigh an t-am a chaitear ag fanacht
- **Leathan agus cothromaithe:** Cuir raon de réimsí gníomhaíochta ar fud na céime ar fáil
- **Forbairt scile agus tuisceana:** Déan scileanna, coincheapa agus straitéisí a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí tairbheacha
- **Deiseanna don rath:** Cuir tascanna ar fáil lena dtacaítear le dul chun cinn agus rath na bpáistí go léir
- **Gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha agus cothromasacha:** Déan gníomhaíochtaí a oiriúnú do láidreachtaí, riachtanais agus spéiseanna difriúla sa chaoi is gur féidir le gach páiste páirt thairbheach a ghlacadh.

Oiriúnú do chomhthéacs ar leith na scoile

Ba cheart go mbeadh an Corpoideachas freagrúil do chomhthéacs ar leith na scoile.

I gcás go mbíonn scoileanna ag déileáil le dúshláin mar gheall ar easpa spáis laistigh nó lasmuigh, féadann múinteoirí na nithe seo a leanas a thriail:

- limistéir laistigh agus lasmuigh atá ar fáil a úsáid go cruthaitheach
- rochtain a fháil ar áiseanna áitiúla nó pobail más féidir
- smaoineamh ar dhá láthair gníomhaíochta a úsáid in aghaidh na seachtaine agus obair á déanamh i dtreo Toradh Foghlama amháin nó níos mó.

Is féidir le cuir chuige sholúbtha, cuir i gcás dhá láthair gníomhaíochta a úsáid in aghaidh na seachtaine, an leas is fearr a bhaint as na spásanna laistigh agus lasmuigh atá ar fáil agus eispéiris foghlama éagsúla agus tharraingteacha a chruthú.

Uiscíocht

Ní foláir do scoileanna sé cinn de na seacht réimse gníomhaíochta Corpoideachais a chlúdach laistigh de gach céim. Mar sin féin, ba cheart gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfaigheann gach páiste taithí bhloc amháin gníomhaíochta uiscebhunaithe uiscíochta ar a laghad agus iad ar an mbunscoil. Cé gur teagascóirí snámha seachtracha agus gardaí tarrthála a dhéanann na ceachtanna sin a theagasc go minic, moltar do mhúinteoirí obair i gcomhar leo le go mbaintear amach go hiomlán na Torthaí Foghlama a bhfuiltear ag súil leo.

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- Breithniú a dhéanamh ar leithne agus cothromaíocht na réimsí gníomhaíochta Corpoideachais sa scoil ar fad
- limistéir oiriúnacha laistigh agus lasmuigh den scoil a shainaithint atá oiriúnach do Chorpoideachas agus smaoineamh ar áiteanna áitiúla breise (m.sh. páirceanna) go bhféadfaí a úsáid
- an chéim ag a nglacfaidh na páistí páirt in uiscíocht a chinneadh.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Leis an OSPS, tacaítear le forbairt inphearsanta agus idirphearsanta na bpáistí, agus cumasaítear iad leis sin iad féin a aithint agus glacadh leo féin agus le daoine eile mar dhaoine aonair uathúla, caidrimh shláintiúla a thógáil agus a chothabháil agus iad a chumasú i gcáil saoránach gníomhach agus tuiscint ar a gcearta agus a ndualgais acu.

Leis an OSPS, cuirtear le foghlaim ‘faoi’ agus ‘don’ fholláine araon, agus aithnítear nach múnlaítear foghlaim agus forbairt páistí in OSPS trí Eispéiris Foghlama phleanáilte amháin, ach trína n-eispéiris laethúla, a n-idirghníomhaíochtaí agus cultúr agus timpeallacht an tseomra ranga freisin.

An Fhoghlaim san OSPS

Dáiltear foghlaim a bhaineann le OSPS sna snáitheanna seo a leanas de shonraíocht na *Folláine*:

- Oideachas mothúchánach agus caidreamhach
- Oideachas sláinte
- Pobal agus muintearas

Tá na snáitheanna sin idirnasctha agus is féidir mórán Torthaí Foghlama a fhorbairt laistigh d’aon Toradh Foghlama amháin nó i sraith eispéireas.

Is iad eispéiris na bpáistí a mhúnlaíonn an fhoghlaim, mar aon leis na cúlraí agus na comhthéacsanna ina maireann siad agus ina bhfoghlaimíonn siad. Tá sé ríthábhachtach mar gheall air sin go mbeadh eispéiris foghlama tairbheach, ionchuimsitheach agus freagrúil do riachtanais na bpáistí.

Ullmhúchán do OSPS

Ullmhaítear do OSPS faoi threoir na dTorthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine*. Aithníonn múinteoirí Fóca(i)s Foghlama atá soiléir, agus dearann siad Eispéiris Foghlama lena dtacaítear le páistí a dtuiscint a thógáil agus a neartú agus filleadh uirthi le himeacht aimsire. In imeacht dhá bhliain, cuirtear an t-am ar fáil d'fhoghlaim nua, do dhaingniú agus do chleachtadh, agus tacaítear le dul chun cinn agus neartú foghlama le himeacht aimsire.

Úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil chun:

- foghlaim a sheicheamhú de réir mar is cuí
- freagairt do spéiseanna agus riachtanais na bpáistí
- ceangail a dhéanamh laistigh den Fholláine agus ar fud an churaclaim níos leithne.

Cur Chuige i leith Foghlama agus Teagaisc

Is í an fhoghlaim ghníomhach, tharraingteach agus eispéireasach an fhoghlaim is éifeachtaí san OSPS

D'fhéadfadh go mbeadh na cuir chuige seo a leanas i gceist:

- Plé agus comhrá
- Foghlaim chomhoibríoch agus chomhoibritheach
- Súgradh, scéalta agus cásanna
- Drámaíocht agus rólimirt
- Gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus machnamhacha
- Cur chuige bunaithe ar fhionnachtain

Leis na cuir chuige sin, tacaítear le páistí agus iad:

- ag glacadh páirt thairbheach san fhoghlaim
- ag fiosrú smaointe agus dearcthaí
- ag forbairt féinfheasachta agus tuiscint ar dhaoine eile
- ag baint ciall as a n-eispéiris
- ag glacadh níos mó úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim
- ag cur a gcuid foghlama i bhfeidhm i gcomhthéacsanna fíorshaoil.

Na ceisteanna is tábhachtaí a mheas don chleachtas

Agus OSPS á ullmhú agus á theagasc, ba cheart do mhúinteoirí:

- **timpeallacht foghlama shábháilte agus ionchuimsitheach a chruthú:** A chinntiú go léirítear cúlraí, féiniúlachtaí agus eispéiris éagsúla na bpáistí sna heispéiris foghlama
- **teanga oiriúnach a úsáid:** Teanga chruinn, ionchuimsitheach agus mheasúil a eiseamláiriú
- **rannpháirtíocht a chur chun cinn:** Deiseanna a thabhairt do pháistí a mbarúlacha a léiriú agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht
- **caidrimh a chothú:** Tacú le hionbhá, meas, idirghníomhaíocht dhearfach agus muintearas a fhorbairt
- **oibriú i gcomhpháirtíocht:** Plé le teaghlaigh chun tacú le leanúnachas idir foghlaim bhaile agus foghlaim scoile.

Ullmhúchán do phlé, topaicí nó ceisteanna íogaire

Baineann gnéithe áirithe den OSPS le téamaí pearsanta a d'fhéadfadh bheith íogair a fhiosrú. Is féidir tacú le páistí chun saincheisteanna a phlé go sábháilte trí straitéisí oiriúnacha a úsáid, ar nós lionsa ficsin a cheapadh. D'fhéadfadh sé go spreagfadh roinnt topaicí ceisteanna agus ábhair chomhphlé dhúshlánacha. Is mór an chabhair é bheith ag súil le plé roimh ré (m.sh. ag súil le conas a fhreagróidh páistí difriúla nó an sórt ceiste a d'fhéadfaidís a chur) agus a mheas conas freagra oiriúnach agus éifeachtach a thabhairt.

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Is é atá i gceist le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ná teagasc agus foghlaim maidir leis na gnéithe cognaíocha, mothúchánacha, fisiciúla agus sóisialta de chaidrimh agus gnéasacht. Tá foghlaim bhainteach le OCG leabaithe sna Torthaí Foghlama i snáitheanna agus snáithaonaid i sonraíocht na *Folláine* agus forbraítear í le himeacht aimsire. Go sonrach, tá foghlaim a bhaineann le hoideachas gnéasachta le fáil den chuid is mó sa snáithaonad '*Forbairt an duine*', agus tá foghlaim a bhaineann le forbairt mhothúchánach agus chaidreamhach le fáil don chuid is mó sna snáitheanna '*Oideachas mothúchánach agus caidreamhach*' agus '*Pobal agus muintearas*'. De réir mar a théann múinteoirí i ngleic leis na Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine*, tacaíonn siad ó nádúr le foghlaim na bpáistí in OCG ar bhealach atá oiriúnach do staid a bhforbartha. Baintear leas as cur chuige ionchuimsitheach, iomlánaíoch agus cearta-bhunaithe i leith OCG i sonraíocht na *Folláine*, ag tacú le páistí chun féinfheasacht agus féinmhuinín a fhorbairt; folláine mhothúchánach a chothú; caidrimh shláintiúla a chothú; cinntí eolasacha a dhéanamh i ndáil lena sláinte agus a bhfolláine; agus a gcearta agus a ndualgais a thuiscint i ndáil leo féin agus le daoine eile.

Cláir éigeantacha agus mholta

Is é *Bí Sábháilte* an clár éigeantach um chosc ar mhí-úsáid páistí. Ceapadh Torthaí Foghlama in OSPS chun ailíniú le an gclár *Bí Sábháilte* agus cur leis. Agus an clár á theagasc, is amhlaidh go mbíonn múinteoirí ag obair go nádúrtha i dtreo roinnt Torthaí Foghlama, go sonrach iad siúd sna snáithaonaid '*Caidrimh*' agus '*Sábháilteacht*'.

Caithfidh gach scoil an clár *Bí Sábháilte* a mhúineadh, agus déantar topaicí a theagasc ceann i ndiaidh a chéile in aon bhloc amháin. Eagraíonn scoileanna teagasc *Bí Sábháilte* ar bhealaí difriúla. Is féidir go roghnóidh roinnt scoileanna an clár a mhúineadh sa chéad bhliain de chéim agus filleadh ar na príomhtheachtaireachtaí an bhliain ina dhiaidh sin chun iad a dhaingniú. Baineann go leor scoileanna leas as cur chuige sa scoil uile, agus leis sin déantar an clár a theagasc ag an am céanna sa scoil ar fad. Comhthéacs na scoile agus an Plean Scoile Uile is bonn leis na cinntí sin.

Is féidir go dtarraingeoidh múinteoirí freisin ar acmhainní seanbhunaithe agus molta chun tacú le réimsí ar leith den OSPS. Ina measc siúd tá: an Clár *Misneach*, ar féidir é a chur in oiriúint chun tacú le foghlaim a bhaineann le '*Substaintí*'; na h*Ábhair Acmhainní d'Oideachas Caidrimh & Gnéasachta*, ar féidir iad a chur in oiriúint chun tacú leis an bhfoghlaim in '*Forbairt an duine*'; agus acmhainní arna bhforbairt ag Webwise chun tacú leis an bhfoghlaim in '*Folláine na meán agus folláine dhigiteach*'. Tá tuilleadh eolais faoi acmhainní a bhaineann le OSPS ar fáil sa Tacar Uirlisí Folláine ar líne.

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- cur chuige a chomhaontú maidir le conas a dhéanfar an clár *Bí Sábháilte* a theagasc ar fud na scoile
- athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní breise i leith a n-úsáide chun tacú leis an bhfoghlaim in OSPS.

Cultúr agus timpeallacht

Imríonn cultúr agus timpeallacht na scoile agus an t-eispéireas laethúil a bhíonn sa rang agus i dtimpeallacht na scoile tionchar ar fhoghlaim don Fholláine. Má tá timpeallacht dhearfach ann, tacaítear le páistí chun go mothóidh siad sábháilte, luachmhar, go bhfuil meas orthu agus go gcuimsítear iad, rud a chuireann ar a gcumas dóibh páirt iomlán a ghlacadh san fhoghlaim.

Má tá cur chuige sa scoil uile ann lena dtugtar luach do chaidrimh dhearfacha, do mheas, do chothroime agus don ionchuimsiú, tacófar le folláine na bpáistí ina n-eispéiris laethúla. Beidh an cultúr sin le feiceáil i bpolasaithe agus tionscnaimh na scoile, agus thairis sin i gcaighdeán na n-idirghníomhaíochtaí idir páistí, an fhoireann agus pobal níos leithne na scoile. Ar leibhéal ranga, bíonn ról lárnach ag an múinteoir agus iad ag imirt tionchar ar eispéiris foghlama laethúla na bpáistí trína n-idirghníomhaíochtaí, a n-ionchais, an úsáid a bhaineann siad as teanga agus na heispéiris foghlama a cheapann siad.

Timpeallachtaí ionchuimsitheacha agus measúla

Déanann múinteoirí timpeallachtaí foghlama sábháilte, ionchuimsitheacha agus measúla a chothú trí ionchais shoiléire, cuir chuige chomhleanúnacha i leith iompair agus idirghníomhaíochtaí dearfacha. Nuair a úsáidtear teanga ar bhealach intinneach, dearbhaítear féiniúlachtaí na bpáistí, cuirtear ionchuimsiú chun cinn agus tacaítear le cumarsáid mheasúil. Nuair a fheiceann páistí go léirítear a bhféiniúlachtaí, a dteaghlaigh agus a gcúlraí ar bhealach dearfach in idirghníomhaíochtaí, acmhainní agus taispeántais sa seomra ranga, forbraítear muintearas láidir iontu mar aon le muinín chun páirt a ghlacadh. Sna timpeallachtaí fáilteacha sin, tacaítear le páistí chun smaointe a chur in iúl, páirt a ghlacadh i gcomhráite, rioscaí cuí a ghlacadh ina gcuid foghlama agus foghlaim le daoine agus ó dhaoine eile, agus gheobhaidh siad taithí ar an bhfolláine i bhfeidhm agus iad ag fás.

Machnamh ar chleachtas gairmiúil

Ní foláir machnamh leanúnach a dhéanamh chun ullmhú don Fholláine agus í a theagasc. Ba cheart do mhúinteoirí a machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris, a ndearcthaí, a luachanna agus a gcreidimh féin agus ar conas a d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm ar a dteagasc agus na hidirghníomhaíochtaí a bheidh acu le páistí. Crann taca do mhúinteoirí agus iad ag éirí níos feasaí ar a ndearcthaí féin, lena n-áirítear barúlacha nó claontacht neamh-chomhfhiosach, is ea an machnamh, agus leis tacaítear le cleachtas ionchuimsitheach agus freagrúil.

Caidrimh

Baineann an fhoghlaim san Fholláine go dlúth le caidrimh. Bunchloch don fhoghlaim sa Chorpoideachas agus in OSPS is ea caidrimh dhearfacha idir múinteoirí agus páistí agus i measc piaraí. Tugann múinteoirí tús áite d'aon ghnó do cháilíocht na gcaidreamh, tugann siad eiseamláir d'idirghníomhú measúil agus tacaíonn siad le caidrimh dhearfacha idir piaraí. Is féidir le deiseanna do chomhoibriú agus plé a bheith ina gcabhair do pháistí agus iad ag forbairt ionbhá, scileanna cumarsáide agus meas ar dhaoine eile.

Próisis dhaonlathacha, cumas gníomhúcháin an pháiste agus rannpháirtíocht a fhorbairt

Nuair a thugtar deiseanna tairbheacha do pháistí páirt a ghlacadh i gcinntí a imríonn tionchar ar a gcuid foghlama, forbraíonn siad úinéireacht, cumas gníomhúcháin agus saoránacht ghníomhach. Nuair a chruthaítear Timpeallacht Foghlama inar féidir le páistí a dtuairimí a roinnt, cur le cinntí a dhéanamh, spriocanna a leagan síos agus gnéithe den spás foghlama a chruthú i gcomhar, tacaítear le neamhspleáchas, freagracht agus rannpháirtíocht.

Trí dheiseanna struchtúrtha a dhearadh don rannpháirtíocht agus trína chinntiú gur féidir le gach páiste páirt a ghlacadh ar bhealaí atá tairbheach dóibh, cabhraíonn múinteoirí leis na coincheapa daonlathais agus saoránachta a réadú. Nuair a éistear go dáiríre le páistí agus, nuair is cuí, nuair a imríonn siad tionchar ar a n-eispéiris foghlama agus ar a gcleachtais, feictear dóibh go bhfuil siad in ann cur go fiúntach lena bpobal.

Freagracht chomhroinnte agus cur chuige sa scoil uile

Imríonn eispéiris na bpáistí laistigh agus lasmuigh den timpeallacht scoile tionchar ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na Folláine. Is freagracht chomhroinnte í an fholláine i measc na scoile, an teaghlaigh agus an phobail níos leithne. Nuair atá comhpháirtíochtaí láidre le tuismitheoirí agus caomhnóirí, tacaítear le comhsheasmhacht agus le comhleanúnachas i bhfoghlaim páistí.

Laistigh de phobail scoile, cinntítear le cur chuige sa scoil uile go leabaítear an fholláine i ngach gné de shaol na scoile. Léirítear é sin i bpolasaithe na scoile, sna cleachtais agus in idirghníomhaíochtaí laethúla. Trí chultúr agus timpeallacht dhearfach, faigheann páistí taithí ar an bhfolláine ní hamháin mar rud éigin a dhéantar a theagasc, ach mar ní a mbraitheann siad agus a bhfaigheann siad taithí air ina saoil laethúla.

I measc na gcleachtas éifeachtach tá:

- cumarsáid oscailte agus mheasúil
- faisnéis a roinnt faoin bhfoghlaim, lena n-áirítear topaicí íogaire
- deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach
- luach a thabhairt do léargas na dtuismitheoirí ar eispéiris na bpáistí.

Ní foláir do mhúinteoirí cur amach a bheith acu ar pholasaithe agus nósanna imeachta cuí na scoile, mar shampla *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*, agus cinn eile, lena n-áirítear iompar agus cumhdach páistí, chun tacú le timpeallachtaí sábháilte agus ionchuimsitheacha. Agus na múinteoirí ag ullmhú don OSPS, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar chur chuige comhaontaithe na scoile, mar shampla, acmhainní a roghnú atá in oiriúint do chur chuige na scoile, nó fóca(i)s foghlama a roghnú (m.sh. scileanna sábháilteachta digití) atá in oiriúint do thionscnamh sa scoil uile. Anuas air sin, beidh cur chuige comhaontaithe ag mórán scoileanna do ghnéithe cosúil le sábháilteacht agus mí-úsáid páistí a chosc, mar shampla an clár *Bí Sábháilte* a theagasc ag gach céim san aon am amháin.

Ag obair i dtreo Torthaí Foghlama thar chéim dhá bhliain

Déanann Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhfuiltear ag súil léi thar chéim dhá bhliain. Ba cheart do scoileanna agus do mhúinteoirí a machnamh a dhéanamh ar conas a thacaíonn eispéiris foghlama le páistí a dtuiscint a fhorbairt, a neartú agus féachaint siar uirthi le himeachta ama. Ba cheart breithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh conas is fearr foghlaim a sheicheamhú agus a luas a shocrú thar chéim dhá bhliain bunaithe ar chomhthéacs na scoile agus láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais na bpáistí.

Cuimseoidh an dul chun cinn san *Fholláine* tréimhsí nua foghlama, cleachtais agus daingnithe. Dá bhrí sin, is féidir nach dtabharfar aghaidh ar gach Toradh Foghlama, nó gach gné de gach Toradh Foghlama, gach bliain. Mar sin féin, in imeacht gach céime dhá bhliain, ba cheart pleanáil do gach Toradh Foghlama go hintinneach, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is cuí, in imeacht dhá bhliain, agus cinnteofar leis sin leithne agus doimhne foghlama.

Chun tacú leis an gcomhleanúnachas agus chun athdhéanamh gan ghá a sheachaint, ba cheart machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim a sheicheamhú thar gach céim mar chuid den phlean scoile uile. Ag brath ar riachtanais na bpáistí, leagfar béim níos mó i roinnt scoileanna ar ghnéithe áirithe, agus is féidir go gcuimseofar iad seo sa dá bhliain, agus i gcás gnéithe nó Torthaí Foghlama eile, is féidir go mbainfear amach iad laistigh de thréimhse níos giorra agus is féidir pleanáil dóibh sin in aon bhliain amháin.

Leis na leideanna seo a leanas, féadfar tacú le hullmhú thar an gcéim dhá bhliain:

- An bpleanáiltear do gach Toradh Foghlama thar chéim chun a chinntiú go mbeidh eispéireas foghlama leathan agus cothromaithe ann?
- An bhfuil gnéithe den fhoghlaim a bhainfeadh tairbhe as iad a áireamh sa dá bhliain? Conas a fhorbrófar foghlaim thar an gcéim?
- An bhfuil gnéithe den fhoghlaim a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach laistigh d'aon bhliain amháin den chéim?

- An bhfuil gnéithe ann ar fearr tabhairt fúthu ar leibhéal scoile uile (m.sh. cosaint leanaí agus sábháilteacht páistí)?
- Conas a d'fhéadfadh spéiseanna, riachtanais agus eispéiris na bpáistí tionchar a imirt ar sheicheamhú nó ar bhéim na foghlama?
- Cé na háiteanna ar féidir ceangail thairbheacha a dhéanamh laistigh de shonraíocht na *Folláine* nó thar réimsí curaclaim eile?
- Conas is féidir le hullmhúcháin a bheith solúbtha chun déileáil le riachtanais éiritheacha nó tráthanna inmhúinte?

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- timpeallacht scoile a chur chun cinn ina dtacaítear le páistí mothú sábháilte, luachmhar, go bhfuil meas orthu agus go gcuimsítear iad, agus cumasófar leis sin rannpháirtíocht iomlán san fhoghlaim
- caidrimh dhearfacha, meas, cothroime agus ionchuimsiú a chur chun cinn in eispéiris laethúla
- cultúr agus timpeallacht dhearfach a chur chun cinn i bpolasaithe scoile, cleachtais agus idirghníomhaíochtaí ar fud phobal na scoile
- deiseanna a chruthú chun gnéithe den Fholláine a fhiosrú ar leibhéal scoile uile (m.sh. ócáidí pobail nó scoile uile).

Reilly
Jake
Faye
Julia
Tillie
Emmy
Lucy
Kitty
Oliver
Levi

Am a eagrú

Soláthraíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* leithdháiltí ama molta chun cuidiú le múinteoirí agus le scoileanna ina gcuid oibre leis an gcuraclam. Tá siad le húsáid go solúbtha nuair a bhíonn múinteoirí ag ullmhú Eispéiris Foghlama shaibhre agus ag freagairt do riachtanais foghlama na bpáistí. Tá dhá chatagóir iontu: Íos-Am Curaclaim agus Am Solúbtha. Tugtar breac-chuntas i dTábla 3 ar an íos-leithdháileadh ama seachtainiúil atá molta don Fholláine.

Tugtar breac-chuntas i dTábla 3 ar an leithdháileadh ama íosta seachtainiúil a mholtar don Fholláine.

Céim	Leithdháiltí ama íosta a mholtar
Céim 1	2 uair 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine
Céim 2	3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine
Céim 3	3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine
Céim 4	3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine

Tábla 3: Leithdháileadh ama íosta in aghaidh na seachtaine a mholtar don Fholláine

Go comhréireach, agus múinteoirí ag ullmhú d'Eispéiris Foghlama Corpoideachais agus OSPS, moltar cóimheas 2:1 a úsáid le haghaidh foghlaim Corpoideachais agus OSPS, agus an leithdháileadh ama níos mó á thabhairt don Chorpoideachas. Tá sé ríthábhachtach go nglacfadh páistí páirt i gCorpoideachas gníomhach mar aon le foghlaim OSPS gach seachtain. Ní mholtar aon Eispéireas Foghlama Corpoideachais amháin, seachas sin moltar gur cheart do pháistí páirt a ghlacadh sa Chorpoideachas faoi dhó i rith na seachtaine ar a laghad.

Ba cheart go mbeadh Folláine i gceist gach seachtain, mar sin, beidh ar scoileanna machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le háiseanna agus acmhainní a leithdháileadh. I ndeireadh na dála, moltar do scoileanna am an churaclaim a úsáid go solúbtha, faoi mar a dtugtar breac-chuntas air i g*Creatchuraclam na Bunscoile*. Fágann sé sin ar chumas na múinteoirí freagairt do riachtanais na bpáistí, deiseanna foghlama a ghlacadh nach rabhthas ag súil leo agus eispéiris foghlama thairbheacha agus tharraingteacha a chur ar fáil don Fholláine.

Ba cheart do mhúinteoirí pleanáil d'eispéiris foghlama sheachtainiúla agus iad a chur ar fáil in OSPS agus Corpoideachas araon chun tacú le páistí agus iad ag forbairt réimse uile an eolais, na scileanna agus na n-eispéireas foghlama a leagtar amach sa tsonraíocht. I sonraíocht na *Folláine*, leagtar béim ar na ceangail nádúrtha atá ann idir an dá ábhar seo, agus moltar do mhúinteoirí deiseanna tairbheacha chun iad a chomhtháthú a aithint agus a úsáid. Mar shampla, sa Chorpoideachas, nuair a léiríonn na páistí a mothúcháin trí dhreasa damhsa a chruthú, tagann deiseanna chun cinn tacú leo agus iad ag aithint, ag ainmniú agus ag fiosrú réimse leathan mothúchán agus braistíntí san OSPS.

Tá ceangail nádúrtha ar fud na gcúig réimse curaclaim. Is féidir na ceangail sin a úsáid chun Torthaí Foghlama a chomhtháthú go tairbheach, rud a fhágann go n-úsáidtear an t-am ar bhealach níos éifeachtúla, agus ag an am céanna, go dtacaítear leis an bhfoghlaim, leis an teagasc agus leis an measúnú i níos mó ná réimse curaclaim amháin. Cuireann comhtháthú ar fud na réimsí curaclaim cuir chuige sholúbtha ar fáil maidir le bheith ag obair le leithdháiltí ama. Mar shampla, nuair a chlúdaítear an scil luaile léime sa Chorpoideachas agus tomhas sa Mhatamaitic, is féidir am teagaisc a tharraingt ón dá ábhar Folláine agus Matamaitic, a fhad is go dtugtar aghaidh ar Thorthaí Foghlama ón dá ábhar go diongbháilte.

Is ionann am Corpoideachais agus am i mbun gluaiseachta

San am a leithdháiltear ar an gCorpoideachas, dírítear ar an ngluaiseacht. Cé gur féidir móimintí gearra a úsáid do theagasc, léiriú, plé, ceistiú nó do mhachnamh ar bhealaí éagsúla agus gur féidir leo bheith ina ngnéithe tábhachtacha d'Eispéiris Foghlama Corpoideachais, ba cheart go chaithfeadh páistí an chuid is mó den am sa Chorpoideachas ag forbairt scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta trí pháirt a ghlacadh in Eispéiris Foghlama ghníomhacha, spraíúla agus tharraingteacha. Cinntítear leis sin go dtacaítear leis an leithdháileadh ama seachtainiúil don Chorpoideachas le páistí agus iad ag forbairt inniúlacht gluaiseachta, muiníne agus taitnimh trí rannpháirteachas gníomhach.

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- a phleanáil conas a leithdháiltear am seachtainiúil Corpoideachais agus OSPS ar amchlár na scoile bunaithe ar na háiseanna agus acmhainní atá ar fáil.

Comhtháthú

Is cuid thábhachtach den churaclam í an fhoghlaim chomhtháite, laistigh de réimsí agus ábhair ar leith sa churaclam agus ar fud an churaclaim i gcoitinne. Cuidíonn sí le páistí ceangail a fheiceáil idir smaointe, a gcuid tuisceana a neartú agus eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna an fhíorshaoil. Tá roinnt cur chuige ann maidir le hullmhúchán éifeachtach do chomhtháthú. Anseo thíos tá roinnt moltaí le cuidiú le hullmhúchán múinteoirí a threorú ionas go mbeidh an comhtháthú bríoch agus tarraingteach d'fhoghlaim páistí.

Beag beann ar conas a thosaíonn múinteoir, ba cheart dóibh ceist a chur orthu féin – *An mbeidh sé seo barántúil agus fiúntach do na páistí i mo rang agus an gcuireann sé an deis ar fáil le foghlaim ar bhealach tairbheach?*

De réir mar a ullmhaíonn múinteoir d'Eispéiris Foghlama chomhtháite, d'fhéadfaí cuimhneamh ar an méid a leanas:

- **Cumas gníomhúcháin:** Conas ar mhúnlaigh spéiseanna, láidreachtaí, ceisteanna agus roghanna na bpáistí chomh maith le breithiúnas gairmiúil an mhúinteora an fócas agus na hacmhainní a úsáideadh?
- **Ábharthacht:** An bhfreagraíonn cur chuige comhtháite do chumais, spéiseanna agus riachtanais páistí sna réimsí curaclaim nó ábhair atá á gcomhtháthú?
- **Torthaí Foghlama:** Cad iad na Torthaí Foghlama ar leith lena bpléifear i ngach réimse curaclaim agus ábhar atá á gcomhtháthú a chur anseo?
- **Fóca(i)s Foghlama agus Eispéiris Foghlama:** Cad iad Fóca(i)s na Foghlama agus conas a thacóidh Eispéiris Foghlama spraiúla agus tharraingteacha leis na Fóca(i)s Foghlama seo?
- **Fad:** An aonad foghlama comhtháite é seo a dhéantar ar feadh roinnt seachtainí, nó an Eispéireas Foghlama comhtháite níos giorra atá ann?
- **Am agus cothromaíocht:** Conas a leithdháiltear am ar fud na n-ábhar go léir agus an gcuirfear béim níos mó ar réimse curaclaim nó ar ábhar amháin ar leith?
- **Measúnú:** Conas a bheidh a fhios ag an múinteoir cad atá foghlamtha nó déanta ag na páistí agus chomh maith leis sin conas a shainaithneoidh siad na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim sna réimsí curaclaim/ábhair éagsúla?



Fíor 7: Nithe ar chóir machnamh a dhéanamh orthu don chomhtháthú

Agus múinteoir ag ullmhú do chomhtháthú rathúil:

- Tosaigh le naisc bhríocha – seachain ceangail a dhéanamh nó réimsí curaclaim nó ábhair a chuimsiú munar ann don cheangal
- Bí dílis don réimse curaclaim nó ábhair trína chinntiú go bpléitear le gach ceann go soiléir trí Fhóca(i)s Foghlama
- Glac le deiseanna spontáineacha nuair a thagann siad chun cinn.

Comhtháthú agus sonraíocht na *Folláine*

Le comhtháthú curaclaim san Fholláine, tugtar Corpoideachas agus OSPS le chéile chun tacú le cur chuige iomlánaíoch i leith foghlaim agus forbairt páistí. Cé go mbaineann an snáithe Inniúlachta gluaiseachta leis an gCorpoideachas amháin, tá Torthaí Foghlama comhtháite i gceist leis na trí shnáithe eile, go háirithe ag Céimeanna 1 agus 2. Is féidir snáithaonaid a cheanglaítear sa Chorpoideachas agus san OSPS araon a aithint ón tsiombail seo a leanas sa tsonraíocht.



Ábhartha agus infheidhme maidir le comhthéacsanna an Chorpoideachais agus OSPS araon

Tábla 4: Ceangail Chorpoideachais agus OSPS laistigh de shonraíocht na *Folláine* ag Céimeanna 1 agus 2

Tá i gceist le comhtháthú ceangail thairbheacha a dhéanamh laistigh de shonraíocht na *Folláine* (idir Corpoideachas agus OSPS) agus i réimsí curaclaim eile. Laistigh de shonraíocht na *Folláine*, cumasaítear do pháistí taithí a fháil ar cheangail idir foghlaim fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach trí chomhtháthú idir Corpoideachas agus OSPS. Mar shampla, is féidir coincheapa cosúil le comhoibriú agus meas a fhorbairt trí phlé agus trí ghníomhaíochtaí bunaithe ar an ngluaiseacht, agus sa chaoi sin is féidir an fhoghlaim a chur i bhfeidhm, a atreisiú agus a neartú i gcomhthéacsanna éagsúla.

Chomh maith leis sin, baineann comhtháthú le réimsí curaclaim eile, lena n-áirítear Oideachas Ealaíon, Oideachas ETIM, OSI agus Teanga. Leis na ceangail sin, cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcásanna barántúla, tairbheacha. Ba cheart go mbeadh an comhtháthú sin diongbháilte i gcónaí agus faoi stiúir na dTorthaí Foghlama. Cuireann sé leis an bhfoghlaim scoite, ach ní thagann sé ina hionad.

Ba cheart ullmhúchán a dhéanamh d'Eispéiris Foghlama Folláine a bhaineann le comhtháthú laistigh den réimse curaclaim féin. Léirítear i dTábla 5 sraith samplaí nach bhfuil uileghabhálach de chomhtháthú laistigh den Fholláine. Níl sé ceaptha le bheith ina shampla d'ullmhúchán taifeadta múinteora. Níor roghnaíodh na samplaí a úsáidtear ach amháin chun an pointe a léiriú.

Torthaí Foghlama *Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:*	Fócas Foghlama samplach	Eispéiris Foghlama shamplacha
Céim 1 **Folláine** **Snáithe:** Oideachas mothúchánach agus caidreamhach **Snáithaonad:** Caidrimh tábhacht caidreamh difriúil le haghaidh folláine a aithint, lena n-áirítear leis an duine féin, leis an teaghlach, le cairde, le piaraí agus le leathbhádóirí. S, FG, CT	Ag aithint cineálacha difriúla caidreamh (leat féin, leis an teaghlach, le cairde, le piaraí, le leathbhádóirí) agus ag forbairt scileanna comhoibrithe agus oibre foirne.	Tríd an OSPS, déanann an múinteoir fiosrú ar scéal faoi chairdeas leis na páistí agus stiúrann plé faoi conas is féidir le cairde cabhrú lena chéile. Trí rólimirt, stiúrann an múinteoir na páistí chun cleachtadh a dhéanamh ar chuireadh a thabhairt do chara páirt a ghlacadh i gcluiche. Trí Chorpoideachas (m.sh. sa réimse gníomhaíochta Oideachais taobh amuigh agus eachtraíochta), cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil do na páistí oibriú as lámha a chéile i ngrúpaí difriúla chun dúshláin a réiteach.
Céim 2 **Folláine** **Snáithe:** Pobal agus muintearas **Snáithaonad:** Cearta agus cothroime plé a dhéanamh ar an tábhacht atá le cearta, cothromas, comhionannas agus cothrom na féinne, agus samplaí óna saolta agus/nó ón bpobal níos leithne a fhiosrú, agus cothroime in idirghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí á dtaispeáint. S, SG, FG	Ag labhairt faoi chothroime agus ag cabhrú le páistí cothrom na féinne a thuiscint agus a chur i bhfeidhm i bhfíorchásanna.	Tríd an OSPS, tacaíonn an múinteoir le páistí agus iad ag fiosrú choincheap na cothroime trí scéalta, físeáin agus rólimirt. Éascaíonn an múinteoir plé maidir le cén chuma a bheidh ar chothroime i gcásanna difriúla agus conas a chabhraíonn cothroime le gach duine muintearas a bhrath. Trí Chorpoideachas, (m.sh. sa réimse gníomhaíochta Cluichí), dearann an múinteoir gníomhaíochtaí le gur féidir le páistí tábhacht chothrom na féinne a fhiosrú agus taithí a fháil air, mar shampla trí sheansanna a ghlacadh, ag leanúint rialacha a aontaíodh agus idirghníomhaíochtaí measúla.

Torthaí Foghlama *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:*	Fócas Foghlama samplach	Eispéiris Foghlama shamplacha
Céim 3 **Corpoideachas agus OSPS** **Snáithe:** Oideachas mothúchánach agus caidreamhach **Snáithaonad:** Teacht aniar atá le cearta, cothromas, comhionannas agus cothrom na féinne, agus samplaí óna saolta agus/nó ón bpobal níos leithne a fhiosrú, agus cothroime in idirghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí á dtaispeáint. S, SG, FG	Ag labhairt faoi chothroime agus ag cabhrú le páistí cothrom na féinne a thuiscint agus a chur i bhfeidhm i bhfíorchásanna.	Tríd an OSPS, tacaíonn an múinteoir le páistí agus iad ag fiosrú choincheap na cothroime trí scéalta, físeáin agus rólimirt. Éascaíonn an múinteoir plé maidir le cén chuma a bheidh ar chothroime i gcásanna difriúla agus conas a chabhraíonn cothroime le gach duine muintearas a bhrath. Trí Chorpoideachas, (m.sh. sa réimse gníomhaíochta Cluichí), dearann an múinteoir gníomhaíochtaí le gur féidir le páistí tábhacht chothrom na féinne a fhiosrú agus taithí a fháil air, mar shampla trí sheansanna a ghlacadh, ag leanúint rialacha a aontaíodh agus idirghníomhaíochtaí measúla.
Céim 4 **Corpoideachas agus OSPS** **Snáithe:** Oideachas mothúchánach agus caidreamhach **Snáithaonad:** Teacht aniar tiomantas agus muinín a léiriú chun coinneáil orthu le dúshlán cuí, agus machnamh a dhéanamh ar an nasc idir iarracht agus feabhsú, scileanna chun déileáil le deacrachtaí a léiriú, ar scileanna iad a thacaíonn le teacht aniar agus an cumas chun tacaíocht a lorg nuair is gá a léiriú. S, FG, CT **Corpoideachas agus OSPS** dearcadh dearfach a thaispeáint i dtreo a bhfolláine a chothú i réimsí amhail gníomhaíocht choirp, eispéiris taobh amuigh, bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth, agus léirthuiscint á léiriú ar an tábhacht a bhaineann le stíl mhaireachtála chothromaithe agus riachtanais athraitheacha á n-aithint de réir mar a fhásann siad. S, CT, FG	Ag forbairt buanseasmhachta agus teacht aniar trí dhúshlán.	Trí Chorpoideachas (m.sh. sa réimse gníomhaíochta Maireachtáil ghníomhach), tugann an múinteoir gníomhaíocht nua agus dhúshlánach isteach, ar nós lámhchleasaíochta. De réir mar a oibríonn na páistí trí na tascanna lámhchleasaíochta, léiríonn siad buanseasmhacht de réir mar a fhaigheann siad taithí ar dhúshlán, a dhéanann siad botún agus a choinníonn siad leis. Trí OSPS, tacaíonn an múinteoir le páistí agus iad ag fiosrú straitéisí a chabhraíonn leo coinneáil orthu nuair a bhraitheann siad dúshláin san fhoghlaim, cuir i gcás spriocanna a leagan síos, tascanna a bhriseadh síos agus tacaíocht a lorg.

Tábla 5: Samplaí de chomhtháthú laistigh den Fholláine

Comhtháthú le réimsí curaclaim eile

Ba cheart ullmhúchán a dhéanamh d'Eispéiris Foghlama san Fholláine bhaineann le comhtháthú le réimsí curaclaim agus ábhair eile. Ba cheart ullmhú d'Eispéiris Foghlama san Fholláine atá comhtháite i bpáirt lena chéile agus ba cheart go mbeadh idirghníomhú le réimsí curaclaim agus ábhair eile seachas iad a bheith comhchuimsithe iontu. Léirítear i dTábla 4 sraith samplaí nach bhfuil uileghabhálach de chomhtháthú ar fud réimsí curaclaim agus ábhar. Níl sé ceaptha le bheith ina shampla d'ullmhúchán taifeadta múinteora. Níor roghnaíodh na samplaí a úsáidtear ach amháin chun an pointe a léiriú.

Comhtháthú	Torthaí Foghlama *Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:*	Fóca(i)s Foghlama samplach	Eispéiris Foghlama shamplacha
Folláine agus Teanga	**Céim 1** **Folláine** **Snáithe:** Inniúlacht gluaiseachta **Snáithaonad:** Scileanna gluaiseachta réimse scileanna gluaiseachta luaile a fhiosrú agus a fhorbairt amhail a bheith ag siúl, ag seachaint, gluaisteacht ar rothaí, ag hapáil, ag rith, ag scipeáil, ag léim agus ag tabhairt céim leataoibh trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, M **Gaeilge (T1)** aird a léiriú, éisteacht le hathrá ar dhánta, rannta agus amhráin ghearra Ghaeilge, agus páirt a ghlacadh iontu.	Ag fiosrú réimse scileanna luaile (siúl, preabadh, léim agus rith) trí chluichí. Ag cleachtadh foclóra a bhaineann leis an gCorpoideachas san amhrán 'Tá Teidí ag Siúl' (ag siúl, ag rith, ag léim, ag preabadh, ag casadh).	Tríd an réimse gníomhaíochta Corpoideachais Cluichí, forbraíonn páistí stór focal agus scileanna gluaiseachta in éindí bunaithe ar na gluaiseachtaí san amhrán 'Tá Teidí ag Siúl' (ag siúl, ag rith, ag léim, ag preabadh, ag casadh) mar a chuireann an múinteoir ar fáil é.
Folláine agus ETI	**Céim 2** **OSPS** **Snáithe:** Oideachas sláinte **Snáithaonad:** Forbairt an duine bealaí a n-athraíonn corp an duine mar a fhásann siad a aithint. Tuiscint a fháil air gur féidir a bheith ag súil le héagsúlacht, agus go bhfuil breith, beatha, fás agus bás uilig mar chuid de shaolré an duine. S, CT, FG **Eolaíocht** **Snáithe:** Nithe beo tuiscint a fháil ar an difríocht idir nithe beo agus neamhbheo agus taifead a dhéanamh uirthi. Bunriachtanais daoine chun fás agus a bheith faoi bhláth a shainaithint agus a phlé, lena n-áirítear tábhacht an bhia le haghaidh fuinnimh agus fáis. FG, CT, S	Ag tuiscint fás agus forbairt daoine, lena n-áirítear na bunriachtanais a shainaithint atá ag teastáil le go bhfásfaidh agus go n-éireoidh le daoine.	Trí OSPS, treoraíonn an múinteoir na páistí chun fiosrú a dhéanamh ar fhás agus ar athrú, mar shampla, rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an gcorp agus iad ina naíonáin i gcomparáid le anois, ag aithint go bhfuil fás agus forbairt uathúil don duine. Tríd an Eolaíocht, míníonn an múinteoir na bunriachtanais a bhíonn ag daoine le go dtuigfidh na páistí go dteastaíonn bia d'fhuinneamh agus fás chun go mbeidh rath orthu.

Comhtháthú	Torthaí Foghlama	Fóca(i)s Foghlama samplach	Eispéiris Foghlama shamplacha
Príomhinniúlacht: A bheith cruthaitheach	**Céim 3** **Corpoideachas** **Snáithe:** Inniúlacht gluaiseachta **Snáithaonad:** Coincheapa gluaiseachta coincheap na feasachta coirp agus dinimic amhail cáilíocht na gluaiseachta, meáchan agus aistriú meáchain a choigeartú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais. S, FG, C **Ceol** **Snáithe:** Freagairt agus ceangal éisteacht le réimse amhrán, píosaí ceoil agus sleachta ar réimse bealaí gníomhacha, céadfacha agus corpraithe, iad a leanúint, a léirmhíniú, freagairt dóibh, machnamh agus anailís a dhéanamh orthu. FG, CT, C	Ag foghlaim conas feasacht coirp agus dinimicí gluaiseachta a chur i bhfeidhm agus iad ag baint ciall as agus ag freagairt do ghluaiseacht trí dhamhsa.	Tríd an réimse gníomhaíochta Corpoideachais Damhsa, treoraíonn an múinteoir na páistí trína gcoincheapa gluaiseachta a fhorbairt agus iad ag forbairt a dtuisceana ar choincheapa Ceoil amhail dinimicí, luas agus struchtúr.
OSPS, Stair agus NTI	**Céim 3** **OSPS** **Snáithe:** Pobal agus muintearas **Snáithaonad:** Braistint muintearais an ról tábhachtach atá ag gach duine chun braistint muintearais a chruthú laistigh dá rang, dá scoil agus dá bpobal a aithint. Éagsúlacht a léirthuiscint agus straitéisí aonair agus comhchoiteanna araon a ghlacadh chun rannchuidiú le timpeallachtaí foghlama dearfacha agus ionchuimsitheacha. S, SG, FG **Stair** **Snáithe:** Mo cheantar taighde a dhéanamh ar ghnéithe de scéal a gceantair agus oileán na hÉireann, lena n-áirítear imeachtaí tábhachtacha, daoine, nósanna agus bunús logainmneacha. FG, CT, S **Teanga: NTI** (Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir) fiosracht agus léirthuiscint a iniúchadh agus a fhorbairt ar na teangacha a úsáidtear sa seomra ranga, sa scoil, sa phobal níos leithne agus sa domhan mór, ag roinnt samplaí ó eispéiris ghnáthshaoil. SG, FG, C	Ag forbairt muintearais agus féiniúlachta trí rannpháirteachas leis an bpobal, le hoidhreacht agus le héagsúlacht chultúrtha.	Trí OSPS, tacaíonn an múinteoir leis na páistí na bealaí a dtacaíonn daoine sa phobal lena chéile agus a dtugann siad cúram dá chéile a fhiosrú. Aithníonn siad bealaí inar féidir leo cur le folláine sa phobal trí chéile agus forbraíonn siad meas a fhorbairt d'éagsúlacht sa phobal. Tríd an Stair, tugann an múinteoir cuireadh do bhaill den phobal scéalta a roinnt faoin gceantar áitiúil agus tacaíonn siad leis na páistí taighde a dhéanamh ar ghné den cheantar, amhail nósanna/traidisiúin, lena n-áirítear scéalta, ceol agus damhsa a shamhlaítear leis an bpobal, a fhiosrú. Trí NTI, cuidíonn an múinteoir leis na páistí bheith feasach ar na teangacha a úsáidtear ina bpobal agus léirthuiscint a bheith acu dóibh agus iad ag glacadh páirt i bplé faoi theangacha baile agus eispéiris chultúrtha le daoine eile.

Comhtháthú	Torthaí Foghlama	Fóca(i)s Foghlama samplach	Eispéiris Foghlama shamplacha
Corpoideachas, Tíreolaíocht agus Gaeilge (T1)	**Céim 4** **Corpoideachas** **Snáithe:** Inniúlacht gluaiseachta **Snáithaonad:** Straitéisí gluaiseachta réiteach fadhbanna, teaicticí agus straitéisí a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm trí raon de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais.S, FG, C **Tíreolaíocht** **Scil tíreolaíochta:** Mapáil / Grafacht Scil tíreolaíochta léarscáileanna a dhéanamh agus a léamh, agus bunchloch na léarscáilíochta á cur i bhfeidhm – suíomh, scála, siombailí, peirspictíocht, agus treo. **Gaeilge (T1)** **Snáithe:** Teanga ó Bhéal éisteacht agus labhairt go muiníneach, go neamhspleách agus go hoilte chun comhoibriú le daoine eile agus chun aiseolas, smaointí, cinntí agus torthaí a chomhroinnt le réimse de lucht éisteachta.	Ag forbairt scileanna réitigh fadhbanna comhoibrithe trí straitéisí mapála agus cumarsáide a chur i bhfeidhm.	Trí ghníomhaíochtaí a dhearann an múinteoir sa réimse gníomhaíochta Corpoideachais Oideachas taobh amuigh agus eachtraíochta, oibríonn páistí as lámha a chéile chun a scileanna réitigh fadhbanna a úsáid chun léarscáileanna a leanúint agus a mbealach a fháil thart ar chúrsa treodóireachta. Tríd an Tíreolaíocht, tacaíonn an múinteoir leis na páistí a scileanna léarscáileanna a léamh a fhorbairt agus bunchloch na mapála a fhoghlaim (m.sh. scála agus siombail). Tríd an nGaeilge (T1), treoraíonn an múinteoir na páistí chun údar a thabhairt lena dtuairimí agus iad ag treodóireacht agus ag léamh na léarscáile (m.sh. seasamh le rogha treo).

Tábla 6: Samplaí de chomhtháthú le Folláine agus réimsí curaclaim agus ábhair eile

Ní i gcónaí a dhéantar pleanáil don chomhtháthú go foirmiúil agus ní i gcónaí a mbíonn súil leis. Is féidir le comhtháthú laethúil agus 'deiseanna foghlama spontáineacha' deiseanna luachmhara, barántúla a chur ar fáil do pháistí chun naisc a dhéanamh trasna an churaclaim. I gcomhthéacs na Folláine, áirítear leis na samplaí de chomhtháthú nádúrtha agus spontáineach:

- ag breathnú dóibh ar ghníomhaíocht sa Chorpoideachas, tugann an múinteoir faoi deara go bhfuil coimhlint idir páistí. Úsáideann an múinteoir é sin mar thráth inmhúinte chun straitéisí chun déileáil le coimhlintí a thabhairt isteach agus a eiseamláiriú, mar shampla seansanna a ghlacadh, éisteacht le daoine eile agus teanga mheasúil a úsáid (Céim 3, *Caidrimh*).
- trí bhreathnú ar lóin, tá deiseanna ann don mhúinteoir foghlaim faoi ithe sláintiúil a chur chun cinn trí phlé neamhfhoirmiúil agus pleanáilte. Tacaítear le páistí ar an mbealach sin agus iad ag forbairt a dtuisceana ar aistí bia cothromaithe agus roghanna bia cothaitheacha a aithint (Céim 1, *Maireachtáil shláintiúil*)
- ag tabhairt faoi deara go bhfágtar páistí áirithe as an áireamh le linn spraoi am sosa, úsáideann an múinteoir an deis sin chun díriú ar scileanna cairdis agus ionchuimsithe, agus múineann siad straitéisí do pháistí amhail cuireadh a thabhairt do dhaoine eile páirt a ghlacadh, bheith ag roinnt agus bheith cineálta agus tacúil (Céim 4, *Braistint Muintearais*)
- ag siúl dóibh i halla na scoile, tugann an múinteoir faoi deara go bhfuil roinnt bruscair ar an urlár agus baineann an múinteoir leas as sin mar thráth inmhúinte chun labhairt faoi fhreagracht a ghlacadh as timpeallacht na scoile. Tugann an múinteoir spreagadh do na páistí bruscar a phiocadh suas agus míníonn conas a bhraitheann gach duine sábháilte agus bródúil as a bpobal scoile nuair a choinnítear an scoil glan (Céim 2, *Saoránacht*). D'fhéadfaí cur leis sin níos déanaí le sraith d'Eispéiris Foghlama phleanáilte maidir le bruscar agus aire a thabhairt don scoil agus don phobal.

Intleacht Shaorga agus ullmhúchán múinteoirí

Trí úsáid eolasach, dhiongbháilte agus eiticiúil a bhaint as Intleacht Shaorga (IS) is féidir deiseanna a chur ar fáil chun tacú agus cuir le hullmhúchán múinteoirí don fhoghlaim, teagasc agus measúnú (m.sh. ag cuidiú le tuiscint múinteoirí ar thopaicí nach bhfuil cur amach acu orthu, aiseolas a ghiniúint agus a sholáthar ar smaointe le haghaidh Eispéiris Foghlama nó cuir chuige maidir le measúnú, srl.). Faoi mar atá amhlaidh leis na huirlisí digiteacha uile san oideachas, ba cheart do mhúinteoirí a bheith feasach ar na teorainneacha agus na rioscaí a bhaineann le IS a úsáid san ullmhúchán (m.sh. mífhaisnéis, claontacht, siabhráin, príobháideachas sonraí, cóipcheart, srl.). Sula mbaintear úsáid as uirlisí nó cláir a chuimsíonn IS, ba cheart iad a athbhreithniú do chruinneas, ailíniú leis an gcuraclam, ábharthacht oideolaíochta, agus, an rud is tábhachtaí, sábháilteacht agus iontaofacht.

Ní mór bainistiú sonraí oideachasúla a bheith slán agus ní mór príobháideachas páistí, múinteoirí agus baill de phobal na scoile níos leithne a chosaint tríd sin. I gcás ina ndéantar cinneadh chun úsáid a bhaint as uirlis lena gcuimsítear IS, is iad na múinteoirí a bhíonn chun tosaigh i gcónaí, lena chinntiú go dtacaíonn an uirlis lena gcinnteoireacht agus lena mbreithiúnas gairmiúil, seachas a bheith á dtreorú.

Is iomaí breithniú tábhachtach atá ann agus úsáid fhéideartha uirlisí IS á fiosrú chun tacú le hullmhúchán múinteoirí:

- An gcloíonn an uirlis le polasaithe agus treoirlínte ábhartha na scoile? An bhfuil an uirlis i gcomhréir le RGCS?
- An dtacóidh an uirlis nó an clár IS go tairbheach le hullmhúchán múinteoirí?
- An féidir na torthaí IS a threorú agus a mhúnlú ionas go dtacaíonn siad le breithiúnas gairmiúil múinteoirí, seachas a bheith á gcur ina ionad?
- An bhfuil na haschuir ábhartha agus oiriúnach ó thaobh chomhthéacs na scoile?
- Sula mbaintear úsáid as aschur na huirlise, an ndearnadh seiceáil air le haghaidh cruinnis in aghaidh foinsí eile agus an ndearnadh oiriúnú air, de réir mar is cuí?

I ngach cás, is é an múinteoir atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar aschur aon cheann de na huirlisí IS a úsáidtear agus as úsáid eolasach, dhiongbháilte agus eiticiúil a chinntiú. Tá tuilleadh eolais, agus eolas atá ag teacht chun cinn, maidir le húsáid IS i scoileanna ar fáil i gcáipéis de chuid na Roinne Oideachais agus Óige, *Treoir maidir leis an Intleacht Shaorga i Scoileanna*, agus trí thacaíochtaí arna soláthar ag Oide agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

Tuismitheoirí agus teaghlaigh

Trí chomhpháirtíochtaí a bhunú agus a choinneáil idir scoileanna agus teaghlaigh cuirfear saibhreas le heispéireas na bpáistí san Fholláine. Spreagtar scoileanna le dul i mbun cumarsáid réamhghníomhach le tuismitheoirí. Tá sé tábhachtach iad a chur ar an eolas faoin gcaoi bhríoch a gcuireann foghlaim san Fholláine le forbairt fhoriomlán a bpáiste.

Tá cur chuige comhpháirtíochta bunaithe i gcumarsáid oscailte agus chómhalartach ina n-imríonn múinteoirí agus tuismitheoirí araon ról ríthábhachtach chun tacú le foghlaim na bpáistí san Fholláine. Leis an gcur chuige seo aithnítear tuismitheoirí mar phríomhoideoirí a bpáistí, oideoirí ag a bhfuil léargas ar leith maidir lena gcumais, spéiseanna agus riachtanais. Tá spéis ghníomhach na dtuismitheoirí thar a bheith luachmhar chun cuidiú le páistí foghlaim agus forbairt san Fholláine. Ba cheart dóibh a bheith muiníneach as tábhacht agus tionchar an mhéid a dhéanann siad. Chomh maith leis sin, tacaíonn an spéis seo le tuismitheoirí an fhoghlaim a neartú agus a leathnú sa bhaile.

Tá an chomhpháirtíocht mheasúil agus mhuiníneach sin ríthábhachtach san Fholláine, ós rud é nach mbeidh múinteoirí i gcónaí ar an eolas faoi eispéiris nó faisnéis ón mbaile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhoghlaim agus forbairt an pháiste, mar shampla tráma, méala, tinneas, dálaí teaghlaigh nó cúinsí eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rannpháirtíocht, freagraí nó rannpháirteachas an pháiste san fhoghlaim. Moltar do scoileanna cumarsáid a dhéanamh ar bhonn gníomhach, go háirithe agus iad ag dul i ngleic le topaicí amhail an teaghlach, mí-úsáid substaintí, mí-úsáid nó forbairt an duine. Má roinntear an fhaisnéis seo roimh ré, cothaítear muinín agus cumasaíonn sé tuismitheoirí le páirt a ghlacadh go tairbheach, agus anuas air sin tacaítear le leanúnachas an chomhrá sa bhaile. D'fhéadfaí nuachtlitreacha, cumarsáid trí aipeanna nó nótaí abhaile a úsáid chuige sin, agus cinnteofar leo sin go bhfuil an Fholláine le brath. D'fhéadfadh an scoil cruinniú ranga tosaigh a bheith acu nó litir a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ag tús na scoilbhliana lena leagtar amach faisnéis ar thopaicí difriúla a bheidh á gclúdach i

gcaitheamh na bliana agus conas a dhéileálfar leo. I gcruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla idir tuismitheoirí agus múinteoirí, d'fhéadfaí faisnéis a roinnt ar dhul chun cinn na bpáistí san Fholláine.

Aithnítear i samhail chomhpháirtíochta éifeachtach go bhfuil an-chuid teaghlaigh éagsúla ann. Caithfear a bheith íogair faoi chúinsí, cúlraí cultúrtha, teangacha, luachanna agus creidimh difriúla. Tá cur chuige freagrúil ag teastáil chun caidrimh mhuiníneacha agus ionchuimsitheacha a thógáil, mar shampla, modhanna cumarsáide éagsúla a úsáid chun dul i ngleic le riachtanais dhifriúla. Thar aon ní eile, ba cheart do scoileanna éisteacht go gníomhach le tuismitheoirí agus a ndícheall a dhéanamh a dtuairimí a thuiscint. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh scoileanna an deis do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ceisteanna a chur faoin réimse Folláine agus deiseanna chun faisnéis ábhartha a roinnt faoina bpáiste a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don mhúinteoir. Seans go mbeadh sé úsáideach cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí obair i gcomhar ar pholasaithe a bhaineann le Folláine nó athbhreithniú a dhéanamh orthu chun a chinntiú go bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar chur chuige na scoile. Seans go mbeadh sé ina chabhair do scoileanna cur chuige 'doras ar oscailt' a chur chun cinn, le go mbraithfeadh tuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu ceisteanna a chur, a ndearcadh a shoiléiriú agus léargais ábhartha a roinnt chun tacú le foghlaim a bpáiste san Fholláine. B'fhéidir go mbeadh sé ina chabhair lena hais sin faisnéis faoi chur chuige na scoile i ndáil leis an bhFolláine a bheith mar chuid den phróiseas rollaithe.

Is féidir le múinteoirí páirt a thabhairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh trí chomhráite sa bhaile faoin gCorpoideachas agus faoi OSPS a spreagadh. D'fhéadfadh scoileanna noda simplí nó dúshláin ghníomhacha a roinnt a spreagann rannpháirtíocht teaghlaigh, ar nós póstaer a dhearadh, cluiche allamuigh a fhoghlaim ó ghlúin níos sine nó dráma a dhéanamh de scéal faoi chairdeas. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí scríofa nó machnamhacha a thabhairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh nó acmhainní chun tacú le comhráite sa bhaile.

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- cuir chuige chomhroinnte a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus teaghlaigh lena dtacaítear le foghlaim páistí agus lena neartaítear ceangail idir an baile agus an scoil, agus comhthéacsanna éagsúla teaghlach á n-aithint
- faisnéis faoin bhFolláine a roinnt le tuismitheoirí (m.sh. cruinnithe tosaigh, cumarsáid scríofa)
- páirt a thabhairt do thuismitheoirí i bhforbairt agus in athbhreithniú ar pholasaithe a bhaineann leis an bhFolláine.

Aoichainteoirí agus éascaitheoirí seachtracha

Dearadh an tsonraíocht seo lena cur i bhfeidhm ag múinteoirí, agus iad mar ghairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha. Tá sí bunaithe ar chur amach an mhúinteora ar na páistí, ar réamhfhoghlaim na bpáistí agus ar a dtuiscint ghairmiúil ar *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus ar an tsonraíocht.

Sa chás ina sainaithnítear riachtanas ar leith, is féidir le héascaitheoirí seachtracha nó aoichainteoirí ról comhlántach a bheith acu, ag oibriú i gcomhpháirtíocht chomhoibritheach le múinteoirí chun tacú le gnéithe den churaclam. Maidir le haon chinneadh chun páirt a thabhairt d'éascaitheoirí seachtracha nó d'aoichainteoirí, ba cheart dul chun cinn foghlama páistí a mheas agus cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh áisitheoir seachtrach nó aoichainteoir leis sin. Is gá ailíniú leis an tsonraíocht a mheas freisin.

Má dhéantar cinneadh chun oibriú le héascaitheoir seachtrach nó le haoichainteoir, tá cur chuige comhoibríoch i dtaobh ullmhúcháin bunriachtanach. Tá an fhreagracht ar an múinteoir ranga go fóill a chinntiú go dtagann Fóca(i)s Foghlama agus gach Eispéireas Foghlama leis na Torthaí Foghlama.

Ní mór d'éascaitheoirí seachtracha agus d'aoichainteoirí oibriú faoi threoir agus maoirseacht an mhúinteora ranga, a leanann de bheith i láthair leis na páistí i gcónaí. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh cumarsáid shoiléir i gceist idir an múinteoir ranga agus an t-éascaitheoir seachtrach/ aoichainteoir. De réir mar is cuí, is féidir leis an múinteoir ranga cuir leis an bhfoghlaim a dhéantar le linn na n-eispéireas seo thar chomhthéacsanna, réimsí curaclaim agus ábhair eile.

San Fholláine, mar thoradh ar a gcaidreamh seanbhunaithe leis na páistí agus ar an gcur amach oideolaíochta agus curaclaim atá acu, tá an múinteoir ranga in áit uathúil agus san áit is fearr chun sonraíocht na *Folláine* a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Sa ról sin, is féidir leis an múinteoir tacú le folláine na bpáistí ar bhealach íogair agus seasmhach. Aithnítear, i gcás go sainaithnítear riachtanas ar leith, gur féidir le héascaitheoir seachtrach tacú le gnéithe de fhoghlaim na bpáistí san Fholláine mar chuid de chur chuige i gcomhar leis an múinteoir.

Agus rannpháirtíochta éascaitheora sheachtraigh á mheas, tá sé tábhachtach go ndéanfadh ceannairí na scoile agus na múinteoirí taithí, scileanna agus oiriúnacht an éascaitheora a mheas chun a chinntiú go mbeidh a n-ionchur oiriúnach agus chun leasa na bpáistí. Ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh freisin ar ailíniú le sonraíocht na *Folláine* a chinntiú, lena n-áirítear comhsheasmhacht le Torthaí Foghlama ábhartha, cuir chuige oiriúnacha oideolaíochta agus mheasúnaithe agus freagrúlacht don chéim forbartha agus riachtanais ar leith na bpáistí.

Ba cheart ullmhú d'ionchur den sórt sin i gcomhar, agus ba cheart go gcloífí le nósanna imeachta cosanta leanaí, comhthéacs na scoile a mheas agus feasacht ar an méid atá foghlamtha ag na páistí go dtí sin, chun a chinntiú go dtacaítear le gach foghlaimeoir ar bhealach ionchuimsitheach. Ba cheart minicíocht agus fad ionchur seachtrach a bhainistiú go cuí chun a chinntiú go leanfaidh an múinteoir ranga de bheith lárnach i sonraíocht na *Folláine* a theagasc.

Le linn ionchuir sheachtracha, leanann an múinteoir ranga de bheith ag glacadh ról lárnach trí thacú leis na páistí, ag éascú rannpháirtíocht thairbheach agus ag cabhrú leo ceangail a dhéanamh leis an méid a d'fhoghlaim siad roimhe sin. Tar éis na n-eispéireas sin, cuireann an múinteoir deiseanna chun machnaimh ar fáil, tacaíonn siad le páistí a bhfoghlaim a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna eile, déanann siad aiseolas a bhailiú más cuí agus déanann siad machnamh ar éifeachtacht an ionchuir chun tacú le hoideachas folláine iomlánaíoch páistí agus a bhforbairt leanúnach.

Agus iad ag smaoineamh ar cheart éascaitheoir seachtrach nó aoichainteoir don Fholláine a thabhairt isteach, seans go mbeidh sé ina chúnamh do scoileanna machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas chun a chinntiú go bhfuil a

gcinneadh tairbheach, de réir shonraíocht na *Folláine* agus freagrúil do riachtanais na bpáistí:

Cuspóir agus ailíniú le sonraíocht na *Folláine*

- Cén riachtanas sonrach foghlama a sainaithníodh?
- Cén Toradh/Torthaí Foghlama a gcabhróidh an t-ionchur seo lena mbaint amach?
- Conas a chuirfidh sé seo le foghlaim na bpáistí?
- An bhfuil an cur chuige oideolaíochta dá réir siúd a leagtar amach sa tsonraíocht?
- An bhfuil an t-ionchur oiriúnach don aoisghrúpa agus freagrúil do chéim forbartha na bpáistí?

Ról an mhúinteora ranga

- Conas a bheidh an múinteoir ranga fós lárnach san Eispéireas Foghlama?
- Conas a ullmhóidh an múinteoir na páistí roimh an seisiún agus conas a dhaingneoidh siad an fhoghlaim ina dhiaidh sin?
- Conas a chinnteofar leanúnachas agus dul chun cinn tar éis an tseisiúin sheachtraigh?

Ionchuimsiú, cumhdach agus comhthéacs na scoile

- Ar breithníodh oiriúnacht, taithí agus comhlíonadh cumhdaigh an éascaitheora?
- An dtagann an t-ionchur le cur chuige na scoile i leith na Folláine mar a leagtar amach é sna polasaithe lena mbaineann?
- An bhfuil an cur chuige ionchuimsitheach agus íogair maidir le héagsúlacht na bpáistí agus na dteaghlach sa scoil?

Éifeacht

- Conas a bhreithneoidh an scoil cé acu ar chuir an t-ionchur seachtrach go tairbheach le foghlaim agus folláine na bpáistí nó nár chuir?
- An ionchur aon uaire é seo, nó an bhfuiltear ag smaoineamh ar dhul chun cinn pleanáilte foghlama?

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- cuir chuige chomhroinnte a fhorbairt chun plé le le haoichainteoirí agus éascaitheoirí seachtracha lena gcinntítear caighdeán, atá oiriúnach do chomhthéacs na scoile, atá de réir ceanglais chumhdaigh agus a shaibhríonn eispéireas foghlama na bpáistí
- a chinntiú go bhfuil aon ionchur seachtrach de réir chur chuige na scoile i leith na Folláine mar a leagtar amach é sna polasaithe lena mbaineann
- glacadh le cur chuige atá ionchuimsitheach agus íogair i leith éagsúlacht na bpáistí agus na dteaghlach sa scoil.

Tá tuilleadh faisnéise agus treorach ar fáil sa chiorclán ábhartha maidir le héascaitheoirí seachtracha a úsáid.

Cleachtas sábháilte san Fholláine

Riosca a thuiscint

Léirítear dhá thuiscint ar rioscaí sna Torthaí Foghlama don tsonraíocht seo:

- Le rioscaí sláintiúil, tagraítear do dhúshlán nó do ghníomh a dhéantar ar bhealach sábháilte agus cuiditheach a chuireann fás pearsanta, foghlaim agus teacht aniar chun cinn.
- Is ionann measúnú rioscaí agus an próiseas trína ndéantar cás a mheas chun guaiseacha féideartha a aithint agus dóchúlacht agus déine na n-iarmhairtí diúltacha a mheas. Tá dainséir a aithint i gceist leis, mar aon le hiarmhairtí féideartha a anailísiú, agus cinntí eolasacha a dhéanamh chun rioscaí a laghdú agus sábháilteacht a chinntiú.

Cleachtas sábháilte sa Chorpoideachas

Is gnéithe tábhachtacha den Chorpoideachas iad dul i riosca agus eachtraíocht. Ba cheart páistí a spreagadh chun cinntí maithe a dhéanamh agus trealamh á úsáid acu a bhfuil ullmhúchán agus maoirseacht bhreise thar ghnáth-nósanna imeachta sábháilteachta i gceist leis.

Ní féidir fáil réidh le gach riosca le réamhchúraim sábháilteachta ach ba cheart dóibh fáil réidh le guaiseacha nach gá. Seans go mbeidh na noda seo a leanas ina gcabhair agus múinteoir agus scoileanna ag pleanáil do chleachtas sábháilte sa Chorpoideachas:

Spásanna taobh istigh agus amuigh faoin aer

- Déan cinnte de go bhfuil an láthair a roghnaítear (m.sh. clós, halla, páirc) oiriúnach don ghníomhaíocht a phleanáiltear ó thaobh méide, leagan amach agus oiriúnachta de
- Seiceáil go bhfuil an talamh glan, glan ar ghuaiseacha agus sábháilte don ghluaiseacht
- Déan zóin agus teorainneacha a mharcáil go soiléir chun tacú le struchtúr, sábháilteacht agus feasacht ar spásúlacht le linn na ngníomhaíochtaí
- Coinnigh na doirse dóiteáin agus bealaí isteach agus amach saor ó chonstaicí i gcónaí.

Sábháilteacht trealaimh

- Déan cinnte de go bhfuil an trealamh oiriúnach don aoisghrúpa, go ndéantar cothabháil air go rialta agus go seiceáiltear go cúramach é sula n-úsáidtear é chun a chinntiú go mbeidh gach duine sábháilte agus go bhfeidhmeoidh sé mar is ceart
- Úsáid gach earra dá chuspóir beartaithe agus chuige sin amháin, agus bíodh nósanna imeachta leagan amach agus bainte anuas sábháilte agus inláimhseála ann don fhoireann agus do na páistí araon
- Coinnigh córas stórais sábháilte agus dea-eagraithe do threalamh sula n-úsáidtear é agus i ndiaidh a úsáide
- Bíodh tacaí breise nó oiriúnuithe ar fáil do pháistí a dteastaíonn siad uathu chun a chinntiú go nglacann siad páirt, m.sh. úsáid trealamh malartach ar nós liathróidí níos éadroime nó spriocanna níos mó chun tacú le comhordú agus rath do pháiste a bhfuil luaineacht theoranta acu.

Maoirseacht agus feasacht páistí

- Déan cinnte de go dtuigeann na páistí rialacha sábháilteachta agus conas an trealamh a úsáid mar is cuí (m.sh. mataí agus binsí a iompar agus a bhogadh)
- Cuir ar a súile do na páistí conas bogadh go sábháilte laistigh de spás, lena n-áirítear feasacht ar rialacha, teorainneacha agus zóin ainmnithe
- Ba cheart do pháistí éadaí agus bróga oiriúnacha a chaitheamh agus iad ag glacadh páirt sa Chorpoideachas le go mbeidh siad in ann gluaiseacht le linn gach gníomhaíochta. Níor cheart seodra a chaitheamh.

Cleachtas sábháilte san OSPS

Oibleagáidí cumhdaigh

Tá sábháilteacht agus folláine páistí i gcroílár shonraíocht na *Folláine*. Agus iad ag ullmhú d'fhoghlaim, do theagasc agus do mheasúnú ar an bhFolláine, ní foláir do scoileanna aird a bheith acu ar chiorcláin, ar bheartais agus ar nósanna imeachta lena mbaineann.

Tugann na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna* agus *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna* treoir i dtaobh an chleachtais is fearr agus leagann siad amach oibleagáidí reachtúla scoileanna maidir le cosaint agus cumhdach páistí, agus an ceanglas chun an clár *Bí Sábháilte* a chur i bhfeidhm laistigh den OSPS.

Dearadh na Torthaí Foghlama laistigh de shonraíocht na *Folláine* chun go mbeidís ailínithe leis an ábhar éigeantach seo agus go gcuirfidís leis; mar sin féin, ní foláir fós féin an clár chun mí-úsáid páistí a chosc a theagasc ina iomláine.

Tá dualgas cúraim ar scoileanna páistí a chumhdach agus tacú leo agus iad ag forbairt an eolais, na scileanna agus na meonta chun cásanna nach bhfuil sábháilte nó ina bhfuil mí-úsáid i gceist a aithint agus dul i ngleic leo mar is cuí.

Mar gheall ar a íogaire is atá topaicí áirithe san OSPS, seans go ndéanfaidh na páistí nochtadh i ndáil le cosaint nó cumhdach leanaí. Tá sé ríthábhachtach go ndéanann gach ball foirne de réir na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna agus d'Iarbhunscoileanna* agus iad ag dul i ngleic le nochtaí nó údair imní. Ba cheart do mhúinteoirí freagairt go calma tacúil agus údair imní a thuairisciú de réir nósanna imeachta um chosaint leanaí na scoile.

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- na spásanna is oiriúnaí sa scoil a aithint don Chorpoideachas
- córais a bhunú chun trealamh a eagrú, a chothabháil agus a sheiceáil go rialta chun sábháilteacht agus feidhmiúlacht a chinntiú
- a shoiléiriú cad is éadaí agus bróga oiriúnacha ann chun tacú le gluaiseacht le linn gach gníomhaíochta
- déanamh cinnte de go bhfuil cur amach ag gach ball foirne ar na Nósanna imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna agus Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.

Acmhainní

Nuair atáthar ag ullmhú don Fholláine, tá sé tábhachtach a aithint gurb iad na páistí, an múinteoir agus an timpeallacht foghlama na príomhacmhainní. Ina dhiaidh seo, is féidir gach acmhainn eile a fheiceáil mar uirlis le tacú le foghlaim na bpáistí agus baineann a luach le cé chomh maith a chuidíonn siad le páistí tuiscint, scileanna agus bealaí smaointeoireachta a fhorbairt san Fholláine. Bíonn ról tábhachtach ag acmhainní ardcháilíochta fisiciúla agus digiteacha maidir le tacú le foghlaim na bpáistí. Ba cheart do pháistí gabháil do raon leathan acmhainní agus spreagtar iad lena roghanna a léiriú agus a chur in iúl agus iad ag roghnú acmhainní agus á n-úsáid, nuair is cuí.

Féadfaidh na leideanna seo a leanas a bheith úsáideach lena meas nuair atáthar ag roghnú acmhainní:

- **Ailíniú leis an tsonraíocht:** An dtacaíonn siad le dul chun cinn na bpáistí maidir le foghlaim, mar a leagtar amach sa tsonraíocht?
- **Foghlaim spraíúil agus tharraingteach:** An spreagann siad páistí agus an dtagann siad leis an téacs tosaigh do gach Toradh Foghlama i gCaibidil 5?
- **Inrochtana:** An bhfuil na hacmhainní inrochtana ionas go dtacaíonn siad le rannpháirtíocht thairbheach do gach páiste?
- **Ionchuimsitheach:** An bhfuil siad ionchuimsitheach maidir le cumais, spéiseanna agus riachtanais na bpáistí?
- **Solúbtha:** An féidir iad a úsáid ar bhealaí difriúla agus iad a oiriúnú chun an curaclam a chur i bhfeidhm agus chun freagairt do chomhthéacs áitiúil na scoile? An dtacaíonn siad le cinneadh na bpáistí maidir le gníomhaíochtaí a roghnú agus an spreagann siad an rogha sin?
- **Praiticiúil:** An bhfuil siad praiticiúil le húsáid, stóráil, agus coinneáil agus an bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid ar bhonn aonair, i ngrúpaí nó i measc an ranga ar fad?



Fíor 8: Acmhainní a roghnú

Acmhainní scoile atá ann cheana féin

Breithnigh acmhainní scoile atá ann cheana féin chun bearnaí a aithint agus a chinntiú nach ndéantar aon rud a dhúbailt.

I gcás an Chorpoideachais, déan machnamh ar:

- **comhoibriú agus tacú:** An féidir le múinteoir nó le rang eile cúnamh a thabhairt le trealamh a leagan amach nó le saineolas?
- **oiriúnacht trealaimh:** An bhfuil an trealamh in oiriúint do mhéid, neart agus cumas na bpáistí?
- **ábharthacht agus ailíniú leis an gcuraclam:** An bhfuil an trealamh ábhartha don chéim seo den churaclam agus an bhfuil an acmhainn ailínithe le spriocanna, cur chuige agus Torthaí Foghlama na sonraíochta?

I gcás OSPS, déan machnamh ar:

- **ailíniú curaclaim:** An bhfuil an acmhainn ailínithe le spriocanna, cur chuige agus Torthaí Foghlama na sonraíochta?
- **ionchuimsitheacht agus inrochtaineacht:** An léiríonn sé éagsúlacht i struchtúir teaghlaigh, cultúir, féiniúlachtaí agus taithí saoil na bpáistí? An bhfuil an acmhainn ar fáil i dteangacha baile más féidir?
- **comhionannas agus caighdeán:** An bhfuil sé glan ó chlaonadh agus ó steiréitíopaí agus an bhfuil sé ailínithe le polasaí na scoile?
- **inchreidteacht agus trédhearcacht:** An bhfuil dea-chlú ar an bhfoinse a d'fhorbair é agus an bhfuiltear cinnte nach bhfuil teachtaireachtaí ceilte ná tráchtála ann?

Nithe ar féidir machnamh a dhéanamh orthu don Phleanáil Curaclaim Scoile Uile

Is féidir le scoileanna:

- soláthar, eagrú agus úsáid éifeachtach acmhainní a phleanáil chun tacú le leanúnachas, dul chun cinn agus rochtain chothromasach do gach páiste.

Cláir

Oibríonn múinteoirí agus scoileanna le *Creatchuraclam na Bunscoile* agus le sonraíocht na *Folláine* chun críche ullmhúcháin curaclaim. Chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim, féadfaidh scoileanna agus múinteoirí a roghnú oibriú le cláir lena gcleachtas a threorú chomh maith, agus Plean Curaclaim na Scoile Uile mar bhonn eolais faoi. Cé go bhfuil tairbhe ag baint le cláir a roghnú go cúramach d'fhoghlaim páistí san Fholláine, ní thagann siad in ionad sonraíocht na *Folláine* ná in ionad bhreithiúnas gairmiúil na múinteoirí. Tá sé tábhachtach go n-aithnítear an difear idir cláir thráchtála agus iad siúd atá riachtanach nó a mholtar mar chuid den soláthar Folláine. Is é an clár *Bí Sábháilte* an clár éigeantach do chosaint leanaí agus mí-úsáid a chosc laistigh den OSPS agus ní foláir é a chur i bhfeidhm i ngach scoil. Féadann scoileanna freisin tarraingt ar chláir mholta do ghnéithe den OSPS, lena n-áirítear an clár Misneach chun mí-úsáid substaintí a chosc agus na hÁbhair Acmhainní d'Oideachas Caidrimh & Gnéasachta, ar féidir iad a úsáid agus a chur in oiriúint chun ailíniú le sonraíocht na *Folláine*.

I gcroílár an churaclaim tá an páiste, a spéiseanna, a bhfiosrachtaí agus a réamhfhoghlaim, agus na caidrimh agus idirghníomhaíochtaí a fhorbraítear trí Eispéiris Foghlama shaibhre. Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh foghlaim, teagasc agus measúnú freagrúil, spraíúil agus tarraingteach i gcónaí. Is é atá i gceist leis sin ná go gcuirfeadh múinteoirí aon chlár in oiriúint, go n-athróidís é nó go gcuirfidís leis chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le sonraíocht na *Folláine* agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na bpáistí i gcomhthéacs a seomra ranga ar leith.

Féadann cláir bhreise tacú le foghlaim, teagasc agus measúnú nuair:

- a úsáidtear go stuama iad chun tacú le fairsinge agus cothromaíocht i bhfoghlaim na bpáistí
- a úsáidtear ar bhonn roghnaitheach agus ar mhaithe le cuspóir faoi leith iad, seachas iad a leanúint ar bhealach saintreorach
- a chuirtear solúbthacht ar fáil iontu ionas gur féidir le múinteoirí nasc a dhéanamh idir Fóca(i)s Foghlama agus cumais, spéiseanna agus riachtanais na bpáistí
- a chuirtear deiseanna ar fáil iontu le haghaidh foghlaim spraíúil, thairbheach agus tharraingteach
- a thacaíonn siad le cur i bhfeidhm i sonraíocht na *Folláine*.

Gluais

Caidrimh sa ghluaiseacht	Le caidrimh sa ghluaiseacht tagraítear don bhealach a n-idirghníomhaíonn páiste le daoine eile sa ghluaiseacht. Mar shampla, ag obair i gcomhpháirtithe/i ngrúpaí, ag treorú/ag leanúint, ag scáthánú, i gcomhréir/i gcodarsnacht le chéile nó i gcanóin. Leis sin cuimsítear freisin gluaiseacht i ndáil le rudaí amhail os cionn, faoi bhun, trí agus timpeall.
Claonadh	Le claonadh, tagraítear don nós atá ag duine dúil a bheith acu, nó gan dúil a bheith acu, i ndaoine aonair, i ngrúpaí nó i smaointe áirithe ar bhealach a bhíonn neamh-chomhfhiosach go minic, agus nach bhfuil bunaithe ar réasúnaíocht oibiachtúil.
Cleachtais dhaonlathacha	Is éard atá i gceist le cleachtais dhaonlathacha cead a bheith ag páistí a gcuid a rá i gcúrsaí a théann i bhfeidhm orthu bunaithe ar phrionsabail an daonlathais.
Comhionannas	Baineann comhionannas leis an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht riachtanas aonair agus grúpa a aithint, le meas a léiriú orthu agus le plé leo, chomh maith le comhionannas a chinntiú ó thaobh rochtana, rannpháirtíochta, coinníollacha agus buntáistí do chách.
Cothromas	Le cothromas tagraítear do chothromas agus ceartas sa bhealach a gcaitear le daoine. Leis sin aithnítear riachtanais éagsúla daoine aonair nó grúpaí agus tugtar aghaidh ar na riachtanais sin. D'fhéadfadh acmhainní, deiseanna nó leibhéil éagsúla tacaíochta a bheith i gceist leis bunaithe ar riachtanais shonracha nó ar chúinsí aonair, agus é mar aidhm aige a chinntiú gur féidir le gach duine a bheith faoi bhláth.
Cumas gníomhúcháin (an pháiste)	Is éard is cumas gníomhúcháin ann cumas páistí chun tionchar gníomhach a bheith acu ar a saolta agus ar a dtimpeallacht féin. Is éard atá i gceist leis sin meas a léiriú ar a dtuairimí, roghanna a thairiscint agus iad a áireamh sa chinnteoireacht. Do pháistí óga, is éard atá i gceist le cumas gníomhúcháin cead a bheith acu a gcuid a rá maidir lena gcuid foghlama agus is léir sin sa tionchar atá acu ar dhaoine eile, sa bhealach a mhúnlaíonn siad caidrimh agus a chuireann siad lena dtimpeallachtaí sóisialta.
Dinimic sa ghluaiseacht	Is éard atá i gceist le dinimic sa ghluaiseacht feasacht agus fiosrú ar an mbealach a bhogann an corp agus a aistríonn sé meáchan, mar shampla, go tapa nó go mall, go tobann nó go marthanach, go láidir nó go héadrom.
Éagsúlacht	Baineann éagsúlacht le hilchineálacht aonair agus ghrúpa sa tsochaí.
Feasacht ar spásúlacht	Is éard atá i gceist le feasacht ar spásúlacht fiosrú a dhéanamh ar an áit ar féidir leis an gcorp bogadh, mar shampla, spás pearsanta agus ginearálta, treoracha, leibhéil ísle, mheánacha agus arda chomh maith le conairí cuartha, fiarlánacha agus díreacha.
Feasacht coirp	Is éard atá i gceist le feasacht coirp a bheith feasach ar chodanna difriúla den chorp a bhogann, ar chruthanna difriúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh, mar shampla cruthanna ciorclacha, cúnga, leathana, cuartha, lúbtha, sínte, réalta, píce, scartha, craptha, agus gníomhartha difriúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh, mar shampla a bheith ag taisteal, ag rothlú, ag aistriú meáchain, ag luascadh, ag brú, ag tarraingt.
Folláine spioradálta	Baineann folláine spioradálta le grá don saol, do dhaoine eile, agus le braistint ceangail leis an duine féin, le daoine eile, leis an dúlra, leis an domhan agus, i gcás daoine áirithe, le cuspóir níos mó nó le hardchumhacht. Baineann sí le creidimh agus cleachtais phearsanta a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh a bheith nasctha le reiligiún eagraithe.
Idirphearsanta	Baineann forbairt idirphearsanta le caidrimh duine le daoine eile.
Inphearsanta	Le forbairt inphearsanta tagraítear d'fhéineolas agus féintuiscint.

Ionbhá	Baineann ionbhá le peirspictíocht a ghlacadh, tuiscint agus feasacht a bheith agat ar mhothúcháin, braistintí, smaointe agus eispéiris duine eile, agus a bheith mothálach orthu, agus iad a bhrath tú féin go hindíreach scaití.
Mothúcháin agus braistintí	Is freagairtí casta bitheolaíocha iad mothúcháin ar spreagthaí nó ar chásanna ar leith. Is minic go mbíonn siad gairid agus dian agus de ghnáth bíonn athruithe coirp ag gabháil leo cosúil le ráta croí méadaithe, gothaí gnúise agus scaoileadh hormóin. Is iad braistintí an t-eispéireas comhfhiosach a bhíonn ann de mhothúcháin. Bíonn siad suibiachtúil de ghnáth, is féidir le heispéireas pearsanta dul i bhfeidhm orthu, agus is féidir leo a bheith anéagsúil ó dhuine go duine.
Riosca	Is éard atá i gceist le riosca glacadh le dúshláin agus le deiseanna le haghaidh fiosrú agus forbartha trí chrios chompord an duine a scaoileadh, botúin a dhéanamh agus teacht aniar, muinín, cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna a chothú. Ina theannta sin, baineann measúnú riosca le staideanna a mheas chun contúirtí féideartha a shainaithint agus cinntí eolasacha a dhéanamh, chun iarmhairtí diúltacha a mhaolú agus sábháilteacht a chinntiú. I dteannta a chéile, trí thuiscint leathan ar riosca tacaítear le páistí riosca a bhainistiú go freagrach agus glacadh le deiseanna le haghaidh fás agus forbairt phearsanta.
Scileanna luaile	Baineann scileanna luaile leis an gcorp a bhogadh in aon treo ó phointe amháin go pointe eile. Mar shampla, a bheith ag siúl, gluaisteacht ar rothaí, ag rith, ag hapáil, ag scipeáil, ag léim in airde/ag léim d'fhad, ag seachaint nó ag tabhairt céim leataoibh.
Steiréitíopaí	Is éard is steiréitíopaí ann íomhánna nó smaointe faoi dhuine, grúpa nó cultúr atá bunaithe ar shaintréithe, iompar nó gníomhaíochtaí toimhdithe.
Struchtúir theaghlaigh	Le struchtúir theaghlaigh tagraítear don iliomad bealaí a bhfoirmítear teaghlaigh amhail teaghlaigh atá stiúrtha ag máthair agus athair, teaghlaigh chomhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh tuismitheora comhghnéis, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh chumaisc, teaghlaigh shínte, teaghlaigh altrama, leasteaghlaigh agus teaghlaigh eile.
Teacht aniar	Is éard atá i gceist le teacht aniar an cumas déileáil le gnáth-struis an tsaoil, agus oiriúnú do dhúshláin, céimeanna ar gcúl nó cásanna deacra agus bealach a dhéanamh tríothu.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment